




Tuarascáil Bhliantúil 2024



Clár na nÁbhar

Brollach/Réamhrá	4
Tuarascáil an Chathaoirligh	6
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	15
Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis & Eolaíochta	18
Seirbhísí Deontóra agus Lóistíochta	21
• Seirbhísí Deontóra	24
Táirgeadh agus Seirbhísí Ospidéal	25
• Príomhghnóthachtálacha in 2024	25
Tástáil	29
• An tSaotharlann Náisiúnta Scaghástála Deontóirí	29
• An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histeia-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI)	36
• An tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola (SGGF)	38
• Diagnóisic/Crosmheaits, Corcaigh	39
Seirbhísí Eile	41
• Fíochán	41
• Aifiréis Theiripeach	41
• ONH	47
• Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann	48
Cáilíocht & Comhlíonadh	51
• Riosca & Athléimneacht	58
Gníomhaíochtaí Acadúla, Taighde agus Nuálaíocht	59
• Príomhghnóthachtálacha 2024	59
Straitéis	61
Acmhainní Daonna	63
Inbhuanaitheacht	71
Cúrsaí Airgeadais	77
Sonraí Teagmhála	79



Brollach

Is cúis áthais dom tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a choimre Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann do 2024 a chur i láthair. Dhíriomar den chuid is mó in 2024 ar shábháilteacht agus inbhuanaitheacht an tsoláthair fola agus na heagraíochta.

Tráth scríofa na tuarascála seo, tá IBTS sa bhliain dheireanach den straitéis cúig bliana a chur i bhfeidhm. Ó forbraíodh ‘Ceangail Fhóinteacha’, tá athruithe suntasacha claochlaitheacha tagtha ar IBTS agus é ag déileáil le roinnt dúshlán gan fasach ag an am céanna. I bhfianaise an chúlra sin, d’fhan cobhsaí idir an soláthar fola agus cúrsaí airgeadais IBTS. Táimid ag obair anois chun ár gcéad straitéis eile cúig bliana a fhorbairt i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara iomadúla agus táimid ag tnúth leis an straitéis sin a roinnt i dtreo dheireadh 2025.

Mar is gnách, ba í sábháilteacht agus inbhuanaitheacht sholáthar fola agus comhábhair fola, chomh maith le sábháilteacht agus inbhuanaitheacht na heagraíochta, ár dtosaíocht in 2024. Chuaigh na téamaí sin i bhfeidhm ar fud na heagraíochta agus díriodh in 2024 ar an inbhuanaitheacht i gcomhthéacs níos leithne agus ar fhorbairt ár straitéise inbhuanaitheachta, i gcomhar le hobair fhairsing ar chosaint sonraí agus ar chibearshlándaí.

Éilíonn an eolaíocht atá ag teacht chun cinn tástáil agus meaitseáil fola níos sofaisticiúla agus ba thionscnaimh theicniúla iad cuid mhór de na tionscnaimh straitéiseacha in 2024 a raibh tionchar acu ar ár n-aidhm leanúnach sábháilteacht agus slándáil an tsoláthair fola a chinntiú, chomh maith leis an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla a bhaint as na deonaithe fola agus pláitíní a dhéantar.

Ó thaobh ár straitéise a chur i bhfeidhm in 2024, bhain ceann de na príomhghnóthachtálacha le plasma. Chuir an IBTS tús le soláthar plasma athshlánaithe le haghaidh úsáid theiripeach i mí Dheireadh Fómhair 2024. Ciallaíonn sé

seo gur cuireadh Octaplas arna dhéanamh as plasma Éireannach ar fáil do chóras cúraim sláinte na hÉireann den chéad uair le breis agus fiche bliain. Ba chéim ríthábhachtach é seo i dtreo Éire a dhéanamh neamhspleách ó thaobh táirgí míochaine díorthaithe ó phlasma a sholáthar agus cur leis an linn plasma atá ag teastáil le haghaidh othar san Eoraip. Táim ag súil go mbeidh go leor forbairtí eile maidir le plasma na hÉireann a úsáid le feiceáil i dtuarascálacha bliantúla amach anseo.

Le linn 2024 cheapamar ár gcéad Cheannaire Aeráide agus Inbhuanaitheachta don eagraíocht, agus aitheantas á thabhairt againn do thábhacht na bhfreagrachtaí inbhuanaitheachta níos leithne san eagraíocht. Mar chomhlacht stáit, faoi Phlean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, tá sé de chúram orainn oibriú le héifeachtúlacht mhéadaithe d’fhonn ár n-úsáid fuinnimh agus ár n-astaíochtaí carbóin a bhainistiú. I ndiaidh athbhreithniú mionsonraithe ar ár n-oibriúcháin agus ar a dtionchar, rinneamar ár gcéad Straitéis Inbhuanaitheachta a cheadú in 2024 chun aghaidh a thabhairt ar thionchar Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ar an gcomhshaol agus ag an am céanna, soláthar fola agus táirgí fola na hÉireann a choinneáil ar an mbealach is inbhuanaithe agus is féidir. Cuireann an Straitéis seo ár spriocanna fuinnimh agus carbóin i gcomhréir le cuspóirí eile a leagtar amach chun cur chuige iomlánaíoch a bhaint amach i leith na hinbhuanaitheachta.

Cuireadh fócas athnuaite ar chosaint sonraí agus ar chibearshlándaí in 2024. Rangaítear IBTS mar eintiteas riachtanach faoi reachtaíocht an AE maidir le cibearshlándaí (NIS2) agus tá dualgas soiléir ar Bhord na heagraíochta a chinntiú go gcomhlíontar na próisis agus na nósanna imeachta mionsonraithe atá leagtha síos sa reachtaíocht. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair mhór atá déanta ag ár bhfoireann chun córais IBTS a chosaint agus comhlíonadh NIS2 a bhaint amach. Ní bheidh comhlíonadh NIS2

agus cibearshlándaíl ghaolmhar eile “déanta” ag pointe áirithe ar bith agus tá IBTS tiomanta dá chinntiú go gcuirfear an t-am agus na hacmhainní riachtanacha ar fáil chun an chibearshlándaíl a chomhlíonadh.

Ar leibhéal an bhoird, le linn 2024, d’fhágamar slán leis an Dr Liz Kenny agus David Gray agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo beirt as a seirbhís don eagraíocht. Bíonn fuil úr (maith dom an t-imeartas focal) riachtanach i gcónaí agus bhí áthas orainn fáilte a chur roimh Noel Beecher chuig an mbord.

Faigheann an Bord tacaíocht shaineolach ó fhoireann bainistíochta atá idir dhícheallach agus tiomanta, faoi cheannas Orla O’Brien. Táimid ag tnúth le dul i mbun oibre le hOrla maidir leis an gcéad straitéis eile a fhorbairt in 2025.

Chuaigh ár Stiúrthóir Leighis & Eolaíochta, an tOllamh Tor Hervig, ar scor ó IBTS i mí Iúil 2024 agus chuireamar fáilte roimh an Dr Andrew Godfrey chuig an bhfoireann bainistíochta. Thosaigh Andrew ag obair linn ag am an-suimiúil do bhunaíochtaí fola. Táimid muiníneach go stiúfadh sé IBTS trí na deiseanna agus na dúshláin leighis agus eolaíocha atá romhainn, lena n-áirítear athruithe suntasacha ar an timpeallacht rialála le tabhairt isteach Rialachán nua AE maidir le Substaintí de Bhunús Daonna i mí na Bealtaine 2024.

Is eagraíocht uathúil í IBTS ina bhfuil foireann den scoth ag obair fud fad na tíre. Ar an turas casta ó fhéith go féith, is é ról IBTS a chinntiú go dtugtar faoi gach céim sa phróiseas go foirfe,

agus sinn ag iarraidh ár gcroíluach a bhaint amach: Déanaimid ár ndícheall barr feabhais a bhaint amach.

Mar is gnách, gabhaim buíochas lenár ndeontóirí mar fhocal scoir. Le dhá bhliain anuas, bhuail mé le deontóirí ag searmanais bronnata gradam ó Chorcaigh go Dún na nGall agus i roinnt ionad idir eatarthu chun buíochas pearsanta a ghabháil leo as 50 nó 100 deonachán fola a thabhairt. Chomh maith lenár mbuíochas foirmiúil, bíonn deis ag faighteoirí na ngradam éisteacht go díreach le faighteoir fola. Is fíorphribhléid é eispéireas na ndeontóirí a roinnt agus na scéalta pearsanta seo a chloisteáil, bíodh siad á n-insint ag na faighteoirí féin nó ag a dtuismitheoirí fíorbhuíoch. Tá réimse leathan scéalta ag na faighteoirí agus leagann siad béim ar an éagsúlacht cásanna ina mbíonn siad go léir ag brath ar dheonacháin fola. Is é an rud a bhíonn i bpáirt acu ná go n-athraíonn na deonacháin fola a fhaigheann siad a saol i gcónaí, agus is minic a shábhálann siad beatha duine. Tá IBTS an-bhuíoch de na faighteoirí as a n-eispéiris phearsanta a roinnt linn.

Agus é de phléisiúr agam buíochas a ghabháil go pearsanta leis na céadta deontóirí in 2024, ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le gach deontóir fola agus pláitíní, bíodh gur thug sibh an t-aon deonachán amháin nó i bhfad níos mó ná sin. Trí bhur bhflaithiúlacht féin agus saineolas agus tiomantas fhoireann IBTS, is féidir le IBTS leanúint de sheirbhísí fola den scoth a sholáthar a chuireann feabhas ar shaol othar, i gcomhar leis an bpobal cúraim sláinte.

Deirdre-Ann Barr
An Cathaoirleach



Tuarascáil an Chathaoirligh

Tuarascáil Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann maidir le measúnú rialuithe inmheánacha comhlachta Stáit don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 i gcomhréir le hAguisín D den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, arna leasú.

1. Aithním go bhfuil an Bord freagrach as córais rialaithe inmheánaigh an Chomhlachta.
2. Ní féidir le córas rialaithe inmheánaigh IBTS ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar i gcoinne earráide ábhartha, míráiteas nó caillteanas.
3. Deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha atá roimh IBTS a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar an bpróiseas seo trí thuairiscí ón bPríomhfheidhmeannach agus nuashonruithe ón gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Comhlíontachta.
 - i. Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a shainaithint agus a mheasúnú mar aon le rialuithe oiriúnacha a dhearadh agus a oibriú. Déantar measúnú leanúnach ar na rioscaí seo agus d'fhéadfaidís a bheith bainteach le réimse foinsí inmheánacha nó seachtracha, lena n-áirítear miondealuithe rialaithe, cur isteach ar chórais faisnéise, tubaistí nádúrtha agus ceanglais rialála agus comhlíontachta.
 - ii. Tagann an bhainistíocht le chéile dhá uair sa mhí maidir le saincheistean na oibríochtúla agus rioscaí agus mar a dhéantar iad a bhainistiú. Is é ról na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin chuige seo athbhreithniú a dhéanamh thar ceann an Bhoird ar na príomhrioscaí a bhaineann le cúrsaí IBTS leis an mBainisteoir Riosca agus Athléimneachta agus ar an gcóras gníomhartha is gá chun na rioscaí sin a bhainistiú agus a gcuid torthaí ar chúrsaí suntasacha a chur i láthair an Bhoird tríd an bPríomhfheidhmeannach.

- iii. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord thar ceann na bainistíochta feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha in obair IBTS agus ar an timpeallacht sheachtrach a mbíonn tionchar acu ar rioscaí suntasacha. I gcás ina n-aithnítear réimsí le feabhsú sa chóras, déanann an Bord na moltaí a dhéanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin a mheas
- iv. Cuireann an Stiúrthóir Airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil ar fáil don Choiste Airgeadais, lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta.
- v. Tá creat rialaithe oiriúnach i bhfeidhm ina bhfuil ábhair atá sainmhínithe go soiléir arna bhforchoimeád don Bhord amháin, nó arna dtarmhligeán ag an mBord, lena bhfaomhadhgocúagabhFeidhmeannas. Tá bainistíocht laethúil IBTS tarmhligthe ag an mBord agus tá teorainneacha iomchuí maidir le húdarú caiteachais bunaithe aige/aici don Fheidhmeannacht. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as rialuithe inmheánacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rialuithe airgeadais inmheánacha.
- vi. Déantar monatóireacht ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh i gcoitinne leis na próisis atá leagtha amach thuas. Ina theannta sin, déanann Coiste an Bhoird Coiste um Iniúcháireacht, Riosca agus Comhlíontacht athbhreithniú ar réimsí sonracha rialaithe inmheánaigh mar chuid dá théarmaí tagartha.
- vii. Tá an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí curtha ar conradh ag IBTS chuig gnólacht gairmiúil neamhspleách, a reáchtálann clár oibre mar a comhaontaíodh leis an gCoiste Coiste um Iniúcháireacht, Riosca agus Comhlíontacht. Le linn 2024 rinne siad seacht n-athbhreithniú agus chuir siad a gcuid torthaí i láthair an Choiste um Iniúcháireacht, Riosca agus Comhlíontacht. Buaileann na hIniúcháirí inmheánacha leis an gCoiste um Iniúcháireacht, Riosca agus Comhlíontacht ar bhonn bliantúil, gan an Feidhmeannach a bheith i láthair.

Tá athbhreithniú sásúil déanta ag Coiste an Bhoird um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh thar ceann an Bhoird. Tar éis don iniúcháir inmheánach tuarascáil ar rialuithe airgeadais inmheánacha a chur i láthair, rinne an Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht athbhreithniú foirmiúil ar na córais seo i leith 2024 ag a chruinniú ar an 11 Feabhra 2025. Rinne an Bord an tuarascáil ar rialuithe airgeadais inmheánacha a cheadú ag a chruinniú ar an 17 Feabhra 2025.

Ceanglais Bhreise Tuairiscithe

Comhlíonadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord tiomanta do chloí le forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 agus arna leasú i mí Mheán Fómhair 2020.

Tá cód iompair ghnó don Bhord agus cód iompair d'fhostaithe curtha i bhfeidhm. Tá an dá cheann seo ar fáil ar www.giveblood.ie. Ghlac an Bord le beartas mionsonraithe taistil agus cothaithe a chomhlíonann gach gné de bheartas taistil an Rialtais.

Rinne IBTS athbhreithniú ar thuarascálacha ar rialuithe inmheánacha le linn na bliana, chomh maith le hathbhreithnithe ar thuarascálacha an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) ar rialuithe oibriúcháin agus comhlíontachta agus ar bhainistíocht riosca. Leanfaidh an Bord d'athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha sin agus ag oibriú go dlúth leis an ÚRTS chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú

Tá IBTS i gcomhréir le forálacha bainistíochta riosca an 'Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, arna leasú. Cloíonn IBTS leis na hoibleagáidí ábhartha go léir mar a shainmhínítear iad faoi dhlí cánach na hÉireann.

Rialú Corparáideach

Is é beartas an Bhoird ná na caighdeáin is airde rialachais corparáidigh a choinneáil, i gcomhréir le beartais agus cleachtais a nglactar leo go ginearálta. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte.

Tá lámhleabhar ag an mBord dá chomhaltaí. Tá clár ama comhaontaithe ag an mBord chun Téarmaí Tagartha Fhochoistí an Bhoird a athbhreithniú.

Oibriú an Bhoird

Tá dháréag comhalta ar an mBord, lena n-áirítear Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin arna cheapadh ag an Aire Sláinte.

Tháinig an Bord le chéile sé huaire le haghaidh gnáthchruinnithe i rith na bliana. Reáchtáil an Bord cruinniú amháin neamhsceidealaithe i mí Dheireadh Fómhair. Chomh maith leis sin, reáchtáil an Bord cruinniú lae iomlán ar an 22 Bealtaine chun a athbhreithniú bliantúil ar an bPlean Straitéiseach 'Ceangail Fhóinteacha' a dhéanamh.

Seo a leanas líon na gcomhaltaí Boird a bhí i láthair ag gnáthchruinnithe an Bhoird i rith na bliana:



	Fea	Aib	Mei	MFó	Sam	Nol
An tUas. Deirdre-Ann Barr	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Dr Satu Pastila	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Ann O'Connor	✓	x	✓	✓	✓	✓
Una Clifford	✓	x	✓	✓	✓	✓
David Gray**	✓	✓	✓	✓	-	-
Peter Dennehy	✓	✓	x	✓	✓	x
Kevin Gregory	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Dr Nina Orfali	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Dr Sharon Sheehan	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Dr Sarah Doyle††	✓	✓	✓	✓	-	-
Stephen O'Hare	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Dr Liz Kenny*	✓	✓	-	-	-	-
Noel Beecher‡	-	-	-	-	✓	✓

*An Dr Liz Kenny - téarma tagtha chun deiridh ar an 20 Bealtaine

**David Gray - d'éirigh as ar an 6 Samhain

‡ An tUasal Noel Beecher - ceaptha ar an 8 Deireadh Fómhair

†† An Dr Sarah Doyle - ar shaoire bhreitheachta

Comhaltaí an Bhoird

Cathaoirleach Deirdre-Ann Barr

An Dr Elizabeth Kenny (téarma tagtha chun deiridh ar an 20 Bealtaine 2024)

An Dr Satu Pastila

An Dr Sarah Doyle

An tUas. David Gray (d'éirigh as ar an 6 Samhain 2024)

An tOllamh Sharon Sheehan

Peter Dennehy

An tUas. Kevin Gregory

An tUas. Una Clifford

An tUas. Ann O'Connor

An tUas. Stephen O'Hare

An Dr Nina Orfali

‡ An tUas. Noel Beecher (ceaptha ar an 8 Deireadh Fómhair 2024)

Faigheann gach comhalta faisnéis atá cuí agus tráthúil, chun cur ar chumas an Bhoird a dhualgais a chomhlíonadh. Glacann an Bord le comhairle chuí neamhspleách agus gairmiúil de réir mar is gá. Cloítear leis na treoirlínte maidir le táillí agus costais chomhaltaí an Bhoird a íoc.

DA Barr Uasal	€11,970
An tUasal D Gray	€10,957
An tUasal S Pastila	€11,970
An tUas. K Gregory	€7,695
An tUas. P Dennehy	€7,695
An tUas. S O'Hare	€7,695
U Clifford Uasal	€7,695
A O'Connor Uasal	€7,695

An Cód Caiteachais Phoiblí

Tá an Bord tiomanta d'fhorálacha an Chóid Caiteachais Phoiblí agus Chiorclán 14/21 Socruithe maidir le Maoirseacht ar thionscnaimh Dhigiteacha agus TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.

Tá modheolaíocht bainistíochta tionscadail curtha i bhfeidhm ag IBTS, atá oiriúnach le haghaidh oiriúnaithe, ag brath ar mhéid agus ar chastacht an tionscadail atá i gceist.

Tá struchtúr coiste curtha i ngníomh ag an mBord chun cabhrú leis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach.

An Coiste Feidhmíochta agus Forbartha

Pléann an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha go sonrach le hábhair a bhaineann le feidhmíocht agus forbairt an Phríomhfheidhmeannaigh, agus na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin. Cloíonn an Bord i gcomhréir le beartas Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe. Cloíonn an Bord chomh maith le treoirlínte maidir le táillí an stiúrthóra a íoc. Ba ionann tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh in 2024 agus €184,236. Tá beirt chomhaltaí den Bhord agus comhalta neamhspleách seachtrach amháin ar Choiste Feidhmíochta agus Forbartha an Bhoird. Tháinig an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha le chéile trí huaire in 2024.

Tinreamh an Choiste FF

	Aib	MFó	Nol
D-A Barr Uasal	✓	✓	✓
U Clifford Uasal	✓	✓	✓

An Coiste Comhairleach Leighis agus Eolaíochta

Ar an gCoiste Comhairleach Leighis agus Eolaíochta, tá cuid de chomhaltaí an Bhoird a bhfuil cáilíocht leighis acu agus grúpa ionadaíoch de bhaill foirne is comhairleoirí leighis iad, chomh maith le méid áirithe comhairleoirí leighis seachtracha, agus tháinig sé le chéile 6 huaire in 2024. Is í an fheidhm atá aige ná monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí atá ábhartha do réimse an fhuilaistriúcháin leighis agus réimsí a bhaineann leis, chun an Bord a chur ar an eolas faoi fhorbairtí den sórt sin agus comhairle a thabhairt don Bhord faoi ghníomhaíocht iomchuí.



Tinreamh an CCLE

	Fea	Aib	Mei	MFó	Sam	Nol
S Pastila	✓	✓	✓	✓	✓	✓
S Doyle ⁽¹⁾	x	x	✓	✓	x	x
E McSweeney	✓	✓	✓	✓	✓	✓
N O Flaherty	✓	✓	✓	✓	x	✓
K Morris	x	x	✓	x	x	x
S Ní Loingsigh	✓	✓	✓	✓	✓	✓
B Quill	x	✓	x	x	x	x
R Hagan	✓	x	✓	✓	✓	x
A Waters	✓	✓	✓	✓	✓	✓
C DeGascun	x	x	x	✓	x	x
S Thomas	✓	x	✓	✓	✓	✓
E Kenny ⁽²⁾	✓	✓	-	-	-	-
N Orfali ⁽³⁾	-	✓	✓	✓	✓	✓
Tor Hervig ⁽⁴⁾	✓	✓	✓	-	-	-
A Godfrey ⁽⁵⁾	-	-	✓	✓	✓	✓
D Ó Donghaile ⁽⁶⁾	✓	✓	x	✓	-	-
P Williams ⁽⁷⁾	-	✓	✓	✓	✓	✓
K Ryan ⁽⁸⁾	-	-	-	-	✓	✓
O O'Brien ⁽⁹⁾	✓	✓	✓	✓	✓	✓

1. An Dr Sarah Doyle ar shaoire bhreiteachta
2. Tháinig Téarma Oifige an Dr Elizabeth Kenny chun deiridh ar an 20 Bealtaine 2024
3. Ceapadh an Dr Nina Orfali chuig an CCLE i mí Feabhra 2024 agus bhí a céad chruinniú i mí Aibreáin – thug sí faoi ról an Chathaoirligh i mí an Mheithimh 2024.
4. Chuaigh an tOllamh Tor Hervig ar scor ó IBTS i mí Iúil 2024
5. Ceapadh an Dr Andrew Godfrey chuig IBTS i mí Iúil 2024.
6. Ní raibh an Dr Ó Donghaile ina bhall de CCLE a thuilleadh ó Mheitheamh 2024 i gcomhréir leis an tSamhail Chúraim Leighis nua. D'oibrigh sé mar ionadaí don Dr Morris ag Cruinniú Mheán Fómhair.
7. Ceapadh an tUasal Padraig Williams chuig CCLE ag cruinniú an Bhoird i mí Feabhra 2024.
8. Ceapadh an tUasal Kieran Ryan chuig CCLE ag cruinniú an Bhoird i mí Mheán Fómhair 2024.
9. Beidh an tUasal Orla O'Brien, Príomhfheidhmeannach, i láthair ag CCLE.

An Coiste Airgeadais

Bhuail an Coiste Airgeadais le chéile cúig huaire i rith na bliana agus is triúr ball den Bhord atá sa Choiste sin. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta i láthair ag na cruinnithe chomh maith. Féadfaidh an Coiste athbhreithniú a dhéanamh ar nithe a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid chaipitil agus oibriúcháin bhliantúla, ar na Ráitis Airgeadais Reachtúla agus ar na cuntais bhainistíochta mhíosúla, ar na príomhtháscairí feidhmíochta airgeadais, ar an gcaiteachas caipitil, ar an gcaipiteal oibre agus ar an sreabhadh airgid. Déanann sé athbhreithniú chomh maith ar phleanáil ghnó, ar chleachtaí costas, ar sholáthar, ar shocruithe árachais, ar chonarthaí, ar bhaincéireacht, ar shocruithe maoinithe agus ar bheartas cisteáin. Déanann an Coiste athbhreithniú chomh maith ar mhaoiniú agus ar fheidhmíocht chiste pinsin an Bhoird. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais agus tugann sé comhairle maidir le cinnteoireacht ábhartha. Feidhmíonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmiúla, a ndéanann an Bord athbhreithniú orthu go rialta.

Tinreamh an Choiste Airgeadais

	Fea	Bea	Lúi	MFó	Sam
An tUas. K Gregory	✓	✓	✓	✓	✓
U Clifford Uasal	✓	✓	✓	✓	✓
An tUas. D Gray*	✓	✓	x	✓	-

*D'éirigh D Gray as a ról ar an mBord ar an 6 Samhain 2024.

An Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht

Bhuail an Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht le chéile cúig huaire i rith na bliana agus tá ceathrar ball den Bhord agus beirt bhall sheachtrach neamhspleácha air. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Seirbhísí do Dheontóirí agus Lóistíochta, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhlíontachta, an Stiúrthóir Táirgthe agus Seirbhísí Ospidéil, an Príomhoifigeach Faisnéise, an tIniúcháir Inmheánach, an Bainisteoir Riosca agus Athléimneachta ag freastal ar an gcoiste agus bíonn an Cuntasóir Cúnta ag gníomhú mar Rúnaí don Choiste. Féadfaidh an Coiste athbhreithniú a dhéanamh araon cheisteanna a bhaineann le cúrsaí airgeadais, riosca, rialála nó comhlíontachta an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais Reachtúla bliantúla, a chuimsíonn na beartais chuntasaíochta agus nótaí leis na ráitis airgeadais, ar chomhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta agus ar impleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra, ar thuairiscí an Iniúcháir Inmheánaigh, tuairiscí cáilíochta inmheánacha agus ón ÚRTS, bainistíocht Riosca le hathbhreithnithe ar an gclár riosca corparáide san áireamh. Buaileann na hiniúcháirí seachtracha leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta bhliantúil ar na Ráitis Airgeadais Reachtúla. Feidhmíonn an Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

Tinreamh an Choiste um Iniúchóireacht, Riosca & Comhlíontacht

	Fea	Aib	Mei	MFó	Nol
An tUas. D Gray*	✓	✓	✓	✓	-
An tOll. S Sheehan	✓	✓	✓	✓	✓
An tUas. P Dennehy	✓	✓	x	✓	✓
A O'Connor Uasal	✓	✓	✓	✓	✓

*D'éirigh D Gray as a ról ar an mBord ar an 6 Samhain 2024.



An Coiste Taighde agus Forbartha

Bhuail an Coiste Taighde agus Forbartha le chéile trí huaire i rith na bliana chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis Taighde agus Forbartha IBTS. Tá an Coiste comhdhéanta de bheirt chomhaltaí den Bhord agus triúr comhaltaí seachtracha neamhspleácha. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Príomhéascaitheoir Taighde agus Forbartha ar chruinnithe an Choiste Taighde agus Forbartha.

Tinreamh an Choiste Taighde agus Forbartha

	Aib	Lún	Sam
An tUas. S O'Hare	✓	✓	✓
An tUas. P Dennehy	x	✓	x

Clár Rioscaí

Sainaithnítear sa chlár riosca cineálacha éagsúla rioscaí, lena n-áirítear rioscaí straitéiseacha, clú, cliniciúla, TF, cibearshlándála, airgeadais agus oibríochtúla don eagraíocht agus na rialuithe atá ann cheana féin agus na gníomhartha breise is gá chun an tionchar ar an eagraíocht a íoslaghdú, i gcás go dtarlódh an riosca sin.

Ar fud an domhain, tá an riosca a bhaineann le cibearionsaithe ag méadú i gcónaí agus tá sé mar thoradh air sin go bhfuil ar an eagraíocht pleananna a chur i bhfeidhm chun athléimneacht chibearshlándála a fheabhsú. Is próiseas leanúnach é seo, faoi stiúir an Phríomhoifigigh Faisnéise agus Bainisteoir Tionscadail tiomnaithe, agus atá faoi mhaoirseacht an Choiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht.

Tá Bainisteoir Riosca agus Athléimneachta freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an gclár riosca agus ar shocruithe teagmhais

ghnó. Tá sraith rioscaí dúchasacha aitheanta agus déanann an Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht agus an Bord monatóireacht orthu ar bhonn rialta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár riosca faoi láthair. Tá rochtain iomlán ag an mBord ar an gClár Riosca i bhfíor-am.

Cinntítear leis an monatóireacht seo gur rioscaí agus rialuithe reatha atá sna rioscaí a shainaithnítear agus go ndéantar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm ina leith.

Gnóthas Leantach

Tar éis fiosrúcháin réasúnacha a dhéanamh, tá ionchas réasúnach ag Comhaltaí Boird go mbeidh a dhóthain acmhainní ag IBTS le leanúint i mbonn oibriúcháin san am atá díreach romhainn. Dá bharr seo, tá siad ag leanúint le bonn gnóthais leantaigh a ghlacadh agus iad ag ullmhú ráitis airgeadais. I bhfianaise an easnaimh phinsin agus an fhéidearthacht go dtarlódh tuilleadh athruithe i luach sócmhainní agus dliteanais na scéime pinsin tar éis dháta an tuairiscithe, agus é ag measúnú oiriúnacht choincheap an ghnóthais leanúnaigh don tsraith reatha Ráitis Airgeadais, chuir an Bord luachálacha agus sreabhadh airgid uile an chiste pinsin san áireamh don dá mhí dhéag ó dháta formheasa na ráiteas airgeadais agus tá sé den tuairim gur féidir leis an mBord a dhliteanais uile a chomhlíonadh, lena n-áirítear maoiniú scéim pinsin IBTS de réir mar a bheidh siad dlíte. Sna himthosca seo, measann an Bord gur cuí an coincheap gnóthais leanúnaigh chun na Ráitis Airgeadais a ullmhú.

Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialuithe inmheánacha in IBTS agus as a n-éifeachtúlacht a athbhreithniú. Is éard atá i gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh an Bhoird ná na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas:

- Cosaint sócmhainní ar úsáid nó ar dhiúscairt neamhúdaraith; agus
- Coinneáil taifead cuntasáíochta cuí agus faisnéis airgeadais iontaofa a úsáidtear laistigh den eagraíocht.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh an Bhoird:

- Córas cuimsitheach tuairiscithe airgeadais
- Buiséad bliantúil ullmhaithe agus curtha i láthair don Choiste Airgeadais agus don Bhord araon
- Monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht i gcoinne buiséid ag an gCoiste Airgeadais agus ag an mBord
- Faomhadh sealbhóirí buiséid ar bhuiséid ar leith
- Athbhreithnithe buiséid le sealbhóirí buiséid
- Struchtúr airgeadais sainmhínithe go soiléir
- Leithscaradh cuí dualgas
- Teorainneacha soiléire údaraith ceadaithe ag an gCoiste Airgeadais le haghaidh caiteachas caipitiúil agus athfhillteach
- Tá príomhphróisis airgeadais doiciméadaithe go hiomlán i nósanna imeachta i scríbhinn
- Stocáireamh agus réitigh rialta á ndéanamh ag foireann atá neamhspleách ar fhoireann stórais
- Seiceálacha fíorúcháin agus rialuithe pasfhocail sa chóras airgeadais
- Réiteach eisiúintí táirgí le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí uile an Bhoird billeáilte go hiomlán
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Orduithe ceannaigh arna síniú ag Bainisteoir Caidrimh Soláthair agus Soláthraithe nó ionadaí údaraith
- Déantar foréileamh ar mhíreanna stoic trí ordú uathoibríoch

- Síniú agus códú gach sonraisc nach mbaineann le stoc ag bainisteoirí buiséid nó ag a n-ionadaithe údaraith
- Gach sonraisc stoic a mheaitseáil go neamhspleách le Nótaí Earraí Isteach (NEI) agus orduithe ceannaigh an stórais
- Déanann comhaltaí foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann cuntais iníoctha na seiceálacha deimhnithe ar sonraisc sholáthraithe.

Tá a fhios ag an mBord go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun bainistíocht a dhéanamh ar an riosca atá ann nach mbainfí cuspóirí gnó amach, seachas an riosca sin a dhíchur go hiomlán. Ní féidir le rialú inmheánach ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach mbeidh míráiteas nó caillteanas ábhartha i gceist.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024 faoi FRS102.

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na mBall Boird

Le hOrdú (Bunú) Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann 1965, ceanglaítear ar an mBord chun ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, i gcomhréir le dlí na hÉireann is infheidhme agus caighdeán chuntasaíochta, a chuireann léargas fíor agus cothrom ar staid IBTS agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, is gá don Bhord:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeán chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach bhfuil sé oiriúnach a thiomhdiú go mbeidh IBTS fós ag feidhmiú.



Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil ina nochtar go réasúnta cruinn ag tráth ar bith staid airgeadais IBTS, agus le cur ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais an tOrdú. Tá an Bord freagrach as sócmhainní Sheirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann (IBTS) a chosaint chomh maith agus, mar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc

Cúrsaí Soláthair

Comhlíonann IBTS na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Diúscairt sócmhainní

Rinneadh roinnt diúscairtí feithicilí le linn 2024. Díoladh iad ar ceant poiblí.

Nochtuithe Cosanta

Comhlíonann IBTS na ceanglais faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 arna nuashonrú ag an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 agus dearbhaíonn sé go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta in 2024.

Acht na dTeangacha Oifigiúla (arna leasú)

Comhlíonann IBTS na ceanglais faoi Acht na Gaeilge (Leasú) 2021. In 2024, chomhlíon IBTS a chuid oibleagáidí maidir le 20.89% d'fhógraíocht IBTS go léir a bheith i nGaeilge, agus 5.16% den fhógraíocht go léir á chaitheamh ar na meáin chumarsáide Gaeilge amháin.

Forbairtí atá suntasach ó thaobh tráchtála de

Plasma

Chuir an IBTS tús le soláthar plasma athshlánaithe le haghaidh codánúcháin chuig tríú páirtí lena phróiseáil i mí na Nollag 2024. Ciallaíonn sé seo gur cuireadh Octaplas arna dhéanamh as plasma Éireannach ar fáil do chóras cúraim sláinte na hÉireann den chéad uair le breis agus fiche bliain.

Tástáil Roghnach HTLV

Tugadh tástáil roghnach le haghaidh HTLV isteach i mí Feabhra 2024. Ciallaíonn an t-athrú seo i gcleachtas tástála atá bunaithe ar fhianaise agus atá measúnaithe ar riosca nach ndéanfar tástáil HTLV ach ar dheontóirí atá ag tabhairt fola den chéad uair agus ar dheontóirí nár tástáladh roimhe seo le haghaidh HTLV (i.e. a deonaíodh roimh 1997), rud a shábhálfadh thart ar €120,000 in aghaidh na bliana don IBTS.

Tástáil HEV

Fuair IBTS ioncam deontais de €538,400 in 2024 ón Roinn Sláinte chun tástáil HEV a dhéanamh. Tháinig deireadh leis an maoiniú deontais ón Roinn Sláinte le haghaidh thástáil HEV ar an 31 Nollaig 2024. Leanann IBTS de thástáil HEV a dhéanamh ar gach deonachán agus tá an costas clúdaithe laistigh dá mbonn costais.

Deirdre-Ann Barr
Cathaoirleach



Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Arís eile, is cúis bhróid dom tuarascáil bhliantúil Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (IBTS) 2024 a chur i láthair, ag comhroinnt ár bhfeidhmíochta le linn bhliain deiridh ár straitéise, **Ceangail Fhóinteacha: IBTS a Fhorbairt 2021 – 2025**.

Ár bpríomhchuspóir – soláthar fola sábháilte agus inbhuanaithe

I gcomhréir lenár bpríomhchuspóir, d'éirigh linn an soláthar fola náisiúnta a bhainistiú agus éileamh méadaithe ar Chealla Dearga (128,471 aonad eisithe in 2024; 2.9% níos airde ná 2023) agus ar Phláitíní (23,471 aonad eisithe in 2024; 3.6% níos airde ná 2023). Cé go raibh soláthar láidir cobhsaí d'fhuil RhD-Deimhneach ann, bhí an t-éileamh ar fhuil RhD Diúltach níos mó ná an soláthar ag amanna i rith na bliana. Reáchtálar 3 achomharc náisiúnta chun an soláthar fola a chothú agus fuaireamar freagairt iontach ónár ndeontóirí agus ón bpobal. Mar a tharlaíonn i gcás dúshláin ar bith um sholáthar fola, is é ár dtosaíocht i gcónaí a chinntiú nach n-imrítear drochthionchar ar chúram othar. In ionad srian a chur ar sholáthar d'ospidéil, chomhoibríomar le bunaíochtaí fola eile chun na hacmhainní luachmhara seo a roinnt agus bainistíocht stoic a bharrfheabhsú, de réir deachleachtais ar fud na hEorpa.

Tá ár soláthar fola ag brath ar fhlaithiúlacht ár ndeontóirí deonacha nach bhfaigheann luach saothair ar bith. I rith na bliana, d'éirigh lenár bhfoirne seirbhísí deontóirí breis is 11,500 deontóir nua a earcú. I gcomhar le grúpaí abhcóideachta agus pobail ábhartha, rinneamar iarracht ár mbonn deontóirí a éagsúlú chun éagsúlacht ár ndaonra a léiriú; tá sé seo riachtanach ionas go mbeimid in ann fuil a mheaitseáil ar bhealach níos fearr le riachtanais othair shonracha.

Ár bhforbairtí straitéiseacha

Chomh maith lenár seirbhísí riachtanacha a sholáthar gach lá, choinníomar ár bhfócas ar thionscnaimh straitéiseacha tábhachtacha a sheachadadh. Déanaimid ár ndícheall tacú le cúram sláinte níos fearr trí roghanna a iniúchadh chun táirgí agus seirbhísí nua a thabhairt isteach atá deartha chun freastal ar riachtanais chúraim sláinte atá ag teacht chun cinn. Le linn 2024, chuamar i mbun oibre lenár gcomhpháirtithe ospidéil chun measúnú a dhéanamh ar an ngá cliniciúil le comhábhair fola nua nó modhnaithe a chur i bhfeidhm le haghaidh cóireáil othair a bhfuil mór-rith fola agus/nó riochtaí eile orthu. Ag an am céanna, chríochnaíomar bailíochtú táirge fola iomláin lena n-úsáid i gcásanna tráma agus/nó rith fola ollmhór i suíomhanna réamh-ospidéil agus in ospidéil araon.

Ceann de na héachtaí is suntasaí a bhí againn ná plasma Éireannach athshlánaithe a thabhairt isteach an athuir le haghaidh úsáid theiripeach. Lig an tionscnamh seo do phlasma athshlánaithe ó dheontóirí fola iomláin a úsáid i bhfoirm Plasma Úr-Reoite agus chun táirgí míochaine díorthaithe ó phlasma a tháirgeadh. Is forbairt shuntasach í seo do IBTS agus an chéad chéim chun go mbeidh Éire in ann cur leis an linn plasma san Eoraip chun tacú le cógas rithbhachtach a tháirgeadh d'othair.

I gcomhréir lenár gcuspoir sármhaitheas oibríochtúil a bhaint amach, thugamar isteach athrú (a bhí bunaithe ar fhianaise agus measúnú déanta ar riosca) ar thástáil ar shamplaí fola trí thástáil roghnach le haghaidh HTLV a thabhairt isteach. Ní dhéanaimid tástáil anois ach ar shamplaí ónár ndeontóirí céaduaire agus ar shamplaí ó dheontóirí a tharla a ndeonú deireanach roimh 1997. Cinntíonn an t-athrú seo ar chleachtas tástála luach agus éifeachtúlacht, agus tús áite á thabhairt do cháilíocht agus do shábháilteacht ag an am céanna.



Chomh maith leis sin, chríochnaíomar athbhreithniú cuimsitheach ar ár seirbhísí reatha do dheontóirí agus ar ár samhail oibriúcháin bailiúcháin chun feabhsuithe a aithint lena chinntiú go bhfuil sé inbhuanaithe, oiriúnach don chuspóir amach anseo, agus go gcuireann sé riachtanais ár ndeontóirí chun tosaigh. Beidh an t-athbhreithniú seo ina threoir maidir leis an tslí a bhforbróimid ár seirbhís sna blianta amach romhainn.

Ag an am céanna, rinneamar dul chun cinn ar thionscnaimh chun feabhas a chur ar eispéireas ár ndeontóirí. D'oibríomar i dtreo is go mbeadh ár ndeontóirí in ann a stair sláinte féinmheasúnaithe a chomhlánú go digiteach, ag baint leasa as táibléad i gclínici chun a n-eispéireas clinic a chuíchóiriú agus measúnú riosca níos pearsantaithe a chumasú. Cuirfear an tionscadal seo chun cinn mar thosaíocht arís in 2025.

Rinneadh dul chun cinn maith i mbliana ar ár dtionscadal caipitil ilbhliantúil chun Ionad IBTS a athfhorbairt ar thailte Ospidéal Naomh Fionnbarra i gCorcaigh. In 2024, rinne an Bord an Achoimre Dhearaidh a cheadú agus eisíodh an tairiscint don Fhoireann Dearaidh aonphointeach. Táimid ag tnúth leis an tionscadal suntasach seo a chur chun cinn leis an Roinn agus lenár bpáirtithe leasmhara sna blianta amach romhainn.

Tuairiscítear ar ghnóthachtálacha breise ónár Straitéis Chorporáideach, ár Straitéis Daoine agus Cultúir, ár Straitéis Taighde agus Forbartha agus ár Straitéis TF ar fud na tuarascála bliantúla seo.

Ár bhfreagrúlacht d'athruithe i rialáil agus i reachtaíocht

Mar aon lenár seachadadh seirbhíse oibriochtúil agus lenár ndul chun cinn straitéiseach, leanann IBTS ar aghaidh ag oiriúnú agus ag freagairt d'athruithe inár dtimpeallacht rialála agus reachtaíochta.

I mí Iúil 2024, foilsíodh an Rialachán nua maidir le caighdeáin cháilíochta agus

sábháilteachta do shubstaintí de bhunadh daonna atá beartaithe lena n-úsáid ag an duine. Ciallaíonn substaintí de bhunadh daonna (SoHO) aon substaint a bhailítear ó chorp an duine. Cuirfear na rialacha nua seo (Rialachán SoHO) in ionad na rialacha reatha maidir le fuil (Treoir 2002/98/CE) agus fíocháin agus cealla (Treoir 2004/23/CE) agus beidh feidhm acu ón 7 Lúnasa 2027. Tá sé mar aidhm ag Rialachán SoHO sábháilteacht agus cáilíocht gach substainte de bhunadh daonna lena húsáid ag an duine a fheabhsú. Áirítear leis an rialachán seo rialacha teicniúla maidir le cáilíocht agus sábháilteacht ar féidir leo oiriúnú do rioscaí atá ag teacht chun cinn agus do theicneolaíochtaí nua, cosaintí neartaithe do dheontóirí agus d'othair, comhchuibhiú ar fud na hEorpa, bearta a thabhairt isteach chun ganntanas fola, fíochán agus cealla a chosc, agus tacú le nuálaíocht. Tabharfaidh sé seo athrú suntasach do IBTS agus tá obair luath scoipeála ar siúl faoi láthair.

D'oibríomar freisin chun socruithe rialachais a neartú idir IBTS, an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais agus an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte. Chríochnaíomar an tairiscint le haghaidh córas nua tuairiscithe haemafhaireachais agus tá foireann tionscadail ag obair anois chun cur i bhfeidhm an chórais a chur chun cinn go náisiúnta in 2025.

Rinneamar iarracht chomhbheartaithe chun ár n-athléimneacht chibearshlándála a fheabhsú le linn 2024 le Bainisteoir Tionscadail tiomnaithe agus clár oibre mionsonraithe chun torthaí sonracha a sheachadadh chun staidiúir riosca cibearshlándála IBTS a fheabhsú agus ar an gcaoi sin, athléimneacht chibearshlándála a fheabhsú. Tá dul chun cinn déanta ar na bunsraitheanna a sainithníodh do 2024. Tógfar ar an mbunchloch seo agus fanfaidh athléimneacht chibearshlándála mar réimse tosaíochta fócais againn in 2025.

In 2024, cheapamar ár gcéad Cheannaire Aeráide agus Inbhuanaitheachta agus d'fhorbraíomar ár gcéad Straitéis Inbhuanaitheachta, arna fhorghabháil ag an mBord i mí na Samhna. Cuireann an straitéis

seo creat ar fáil do IBTS chun tionchar dearfach a imirt ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Soláthraíonn an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide atá i gcomhréir leis na gníomhartha sonracha is gá dúinn chun ár sainordú a chomhlíonadh chun spriocanna a leagtar amach i Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 agus i bPlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 a bhaint amach.

Tá sé de phribhléid againn go bhfuil foireann oibre oilte agus gairmiúil againn. Bhí sé dúshlánach fós foireann speisialaithe a mhealladh agus a choinneáil in 2024. Rinneamar gach iarracht agus chuireamar go leor tionscnamh i bhfeidhm chun tacú le hearcaíocht agus coinneáil sa mhargadh iomaíoch seo agus leanfaimid orainn ag díriú air seo in 2025 chun an treocht seo a aisiompú agus níos mó cobhsaíochta a thabhairt dár bhfórsa saothair.

Nótaí buíochais

Táimid buíoch i gcónaí de na 87,619 deontóir a d'fhreastail ar ár gclínici uair amháin nó níos mó in 2024. Thugamar aitheantas dár ndeontóirí fola iomláin agus pláitíní ag na seacht searmanas Bronnta Deontóirí a bhí ar siúl ar fud na tíre in 2024, agus tionóladh an chéad cheann díobh seo i gCeatharlach i mí an Mhárta. Mar sin féin, tá buíochas tuillte ag ár ndeontóirí arís agus arís eile as a ndílseacht leanúnach agus an freagra iontach a thug siad ar na trí ghlao i rith na bliana. In 2024, rinneamar ceiliúradh ar 931 deontóir a bhain an gharsprioc 50 deonachán amach, agus 214 deontóir a bhain an gharsprioc 100 deonachán amach. Is buaicphointe na bliana é bualadh lenár ndeontóirí agus buíochas pearsanta a ghabháil leo ag na searmanais seo as a dtiomantas urghnách do dheonú fola agus pláitíní.

Ní bheimis in ann tabhairt faoin obair a dhéanaimid ach amháin mar gheall ar shaineolas agus ar thiomantas ár ndaoine. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an mBord, agus leis an gCathaoirleach Deirdre-Ann Barr, as a dtreoir agus a dtacaíocht

i rith na bliana. Táim buíoch den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus dár bhfoireann go léir as a dtiomantas eisceachtúil agus as an mbealach a ghníomhaigh siad nuair ba ghá. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dár bhfoireann a chuaigh ar scor nó a bhog ar aghaidh go post eile le linn na bliana as a seirbhís dhílis thiomanta don eagraíocht. I mí Iúil, d'fhágamar slán lenár gcomhghleacaí, an tOllamh Tor Hervig, a chuaigh ar scor as a ról mar Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta, agus chuireamar fáilte roimh an Dr Andrew Godfrey. Táimid ag tnúth le dul i mbun oibre leis an Dr Godfrey chun ár dtodhchaí a mhúnlú sna blianta amach romhainn.

Tá sé tábhachtach dúinn caidrimh láidre chomhoibríocha a chothú lenár bpríomhpháirtithe leasmhara. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht leanúnach Airí agus fhoireann na Roinne Sláinte agus Údarás Rialála Táirgí Sláinte. Is comhpháirtithe tábhachtacha iad ár gcomhghleacaithe san Eoraip agus sa Chomhghuaillíocht Eorpach Fola i gcónaí maidir le dea-chleachtas agus saineolas a roinnt go frithpháirteach.

Is cuspóir seasmhach é ár bpríomhchuspóir i gcónaí. Táimid tiomanta fós do sheirbhísí fola agus fíocháin den scoth a sholáthar a fheabhsaíonn saol na n-othar. Ní féidir linn é seo a dhéanamh gan flaithiúlacht ár ndeontóirí, saineolas ár ndaoine, comhoibriú ár gcomhpháirtithe cúram sláinte agus muinín an phobail. Is uathúil an obair a dhéanaimid agus is pribhléid agus freagracht dháiríre a ghlacaimid go léir i Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann. Táim bródúil as uailmhian agus éachtaí na heagraíochta in 2024. In 2025, déanfaimid machnamh ar an méid atá foghlamtha againn, cuirfimid lenár n-éachtaí agus leanfaimid orainn ag streachailt ar son na sármhaitheasa agus ár ndeontóirí i gcroílár gach a ndéanaimid.

Orla O'Brien

Príomhfheidhmeannach



Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis & Eolaíochta

Tá ríméad orm mo chéad tuarascáil Leighis agus Eolaíoch don IBTS a bheith á scríobh agam. Thosaigh mé ag obair in IBTS i mí Iúil 2024 agus bhí na chéad sé mhí de mo thréimhse anseo ina dtaithí iontach agus deiseanna agam caidrimh nua a chothú laistigh den eagraíocht. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Ollamh Tor Hervig, ár Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta roimhe seo, as an gcúnamh luachmhar a thug sé dom roimh ár dtréimhse aistrithe, lena linn agus ina diaidh.

Soláthar Fola

Is mór an t-éileamh atá ar fhuil le bliain anuas, agus tá méaduithe ar theiripí nua ailse agus haemaiteolaíochta ag spreagadh formhór an athraithe seo. Tá brú curtha ar an soláthar fola i rith na bliana dá bharr.

Tá an dúshlán seo tar éis sinn mar eagraíocht a thabhairt i bhfad níos gaire dár n-úsáideoirí deiridh. Táimid tar éis dul i gcomhar le foirne clínicíúla ar fud na tíre chun úsáid ár ngrúpaí fola neamhchoitianta, an fhuil de chineál O RhD Diúltach agus an fhuil neamhchoitianta RhD R0 atá riachtanach le haghaidh roinnt cóireálacha, a bharrfheabhsú.

Úsáid an fhuilghrúpa RhD Diúltach a bharrfheabhsú

I bhfianaise an athraithe shuntasaigh san éileamh ar fhuil, go háirithe an Fuilghrúpa O RhD Diúltach, rinneamar athbhreithniú ar na straitéisí a úsáidtear ar fud na hEorpa chun an acmhainn neamhchoitianta seo a chaomhnú. Labhraíomar le roinnt ospidéal móra atá páirteach cheana féin i mórán de na tionscnaimh seo agus tá athruithe curtha i bhfeidhm againn ar ár mbeartas chun úsáid leathnaithe cealla dearga RhD-Deimhneach a cheadú ar fud na n-ospidéal. Tá athrú tagtha ar an teachtaireacht a thugamar dár n-úsáideoirí ospidéil agus táimid ag fanacht le ceadú deiridh ón nGrúpa Comhairleach Náisiúnta um Fhuilaistriú (NTAG) sula nglacfar leis ar an leibhéal náisiúnta.

Éagsúlú an Bhunachair Deontóirí

De réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar fhuil neamhchoitianta, go háirithe an cineál RhD R0, táimid ar an eolas le roinnt blianta go bhfuil gá ann cur le héagsúlacht eitneach ár mbunachair deontóirí. In 2023, thugamar isteach tástáil antashubstaintí maláire do dheontóirí de shliocht Afracach. Margheall air seo, chuireamar fáilte roimh bhreis is 300 deontóir nua de bhunadh na hAfraice le 18 mí anuas. Tá go leor oibre fós le déanamh chun líon na ndeontóirí seo a leanann ar aghaidh ag tabhairt fola a mhéadú, agus táimid ag féachaint ar an tástáil a dhéantar i mbunaíochtaí fola eile ar fud na hEorpa chun ár gcritéir maidir le deonú fola a leathnú chun an oiread daoine agus is féidir ó chúirí éagsúla a áireamh.

Critéir Roghnúcháin Deontóirí agus an Measúnú Riosca ar Dheontóirí Aonair (IDRA)

Ag deireadh 2023 thugamar isteach IDRA, agus i mbliana ghlacamar páirt sa Staidéar FAIR faoi stiúir NHSBT a dhéanann scrúdú ar an gcaoi a ndéanann ár ndeontóirí na measúnuithe seo. Tabharfaidh sé seo léargas níos fearr dúinn ar cé chomh cruinn is atá na measúnuithe riosca, agus cuirfidh sé seo bealach láidir ar fáil dúinn chun éagsúlacht ár mbunachair deontóirí a mhéadú gan sábháilteacht fhaighteoirí na dtáirgí fola seo a chur i mbail.

I rith na bliana, rinneamar athbhreithniú ar éifeachtúlacht IDRA le Grúpa Monatóireachta Sábháilteachta IDRA (ISMG) agus tugann na sonraí atá feicthe againn le fios gur bhain ár mbunachair deontóirí agus an eagraíocht leas ollmhór as an gcur chuige seo maidir le roghnú deontóirí.

Leanfaimid orainn ag déanamh monatóireachta ar ár gcritéir roghnúcháin deontóirí, agus béim ar leith á leagan againn ar ghalair thógálacha nua atá ag teacht chun cinn tríd ár nGrúpa Stiúrtha Ionfhabhtaithe (ISG).

Taighde

Leanann an fhoireann Taighde agus Forbartha ar aghaidh ag baint leasa as tuilleadh taighde atá dírithe ar riachtanais deontóirí agus faighteoirí fola in Éirinn.

Tá 18 tionscadal taighde ar siúl againn san iomlán, agus 4 cinn eile críochnaithe agus foilsithe in 2024. Léiríonn sé seo méadú bliain i ndiaidh bliana ar an ngníomhaíocht laistigh den roinn taighde. Chomh maith leis sin, tá níos mó ná 1,500 comhábhar fola curtha ar fáil againn lena n-úsáid i dtaighde ar fud na hÉireann.

Leanfaimid orainn ag leathnú ár láithreachta sa phobal idirnáisiúnta, le cuir i láthair póstaer ag mórimeachtaí haemaiteolaíochta idirnáisiúnta agus le rannpháirtíocht i dtionscadail il-ionaid le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Reáchtálar ar ndara comhdháil BloDHIT ar Haemaiteolaíocht, Ionfhabhtú agus Fuilaistriú Deonacháin Fola ar an 14 & 15 Samhain i mBaile Átha Cliath. Tugann an chomhdháil seo cuid mhór den taighde atá againn in Éirinn le chéile le saineolaithe idirnáisiúnta sa réimse agus cuidíonn sí chun bonn eolais a chur faoinár bhfís don chéad chúig bliana eile. D'fhreastail an-chuid daoine ar an gcomhdháil, le breis is 170 eolaí, cliniceoir agus gairmí sláinte a bhfuil suim acu i bhfuilaistriú.

Gníomhaíochtaí fíocháin

Lean an t-éileamh ar fhíochán agus ar bhraonta súl séirim ag dul i méid i mbliana. Chomh maith leis sin, tá dul chun cinn suntasach déanta in 2024 inár dtionscadal chun Banc Súl na hÉireann a oscailt le haghaidh trasphlanduithe coirne, agus is é seo ár dtosaíocht straitéiseach i gcónaí. Tá éileamh mór ar an bhfíochán seo mar is é an t-aon fhoinsé eile faoi láthair ná é a fháil ó thíortha eile. Táimid ag cur ár gcomhaontuithe deiridh leis na soláthraithe cúraim sláinte rannpháirteacha eile in Éirinn i gcrích agus ag cur bailíochtú saotharlainne ar na samplaí de chorpáin i gcrích. Beidh sé mar aidhm againn ár gcéad fhíochán coirne a bhaint agus a thrasphlandú in 2025.

Saotharlanna

Leanfaimid orainn ag cur acmhainní i leith thionscadal na Saotharlainne Náisiúnta um Scagthástáil Deontóirí chun scileanna ár mbonn foirne reatha a fheabhsú chun clúdach

ar fud an ghrúpa a cheadú agus patrúin oibre níos solúbtha a cheadú dár bhfoireann.

Haemafhaireachas

Tá an tionscadal píolótach don chóras beartaithe TF le haghaidh haemafhaireachais a gleanúint ar aghaidh agus meastargombeidh sé curtha i bhfeidhm sa dara leath de 2025. Tá sé mar aidhm againn struchtúr rialachais agus post an stiúrtóra leighis san Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH) a chur i gcrích sula gcuirfear an córas leictreonach nua i bhfeidhm go déanach in 2025.

Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (IUBMR)

Tá an gá atá le trasphlandú gascheall in Éirinn ag dul i méid agus tá méadú dá réir sin tagtha ar ualach oibre fhoireann na clárlainne. Is iontach an leibhéal seirbhíse a sholáthraíonn foireann IBTS do na cliniceoirí a fheiceáil.

D'éirigh lenár n-iarrachtaí níos mó deontóirí óga a earcú chuig an gclár le linn an phróisis deonacháin agus táimid ag déanamh líon méadaitheach iarrataí idirnáisiúnta anois.

Tionscnamh Domhanda Sláinte - Comhoibriú le Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na Tansáine

I mbliana rinneamar athbhreithniú ar an gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin sa Tansáin (NBTS) agus ar an drochuair, ar go leor cúiseanna, táimid tar éis teacht ar an gconclúid nach bhféadfaimis dul i gcomhpháirtíocht fhoirmiúil leis an NBTS faoi láthair. Tá go leor deiseanna fós againn sa Tansáin, lena n-áirítear roghanna oideachais agus taighde agus beimid ag saothrú seo trí thionscadal taighde seachas comhpháirtíocht fhoirmiúil.

Focail Scoir

Ba spreagúil an bhliain a bhí ann domsa agus do IBTS ina iomláine lenár gcláir leanúnacha sna réimsí oibríochtúla agus taighde araon. Táim ag tnúth leis na deiseanna a bheidh ag dul lenár gcéad timthriall straitéise 5 bliana eile a fhorbófar in 2025.

An Dr Andrew Godfrey

Stiúrthóir Leighis & Eolaíochta




Seirbhísí Deontóra agus Lóistíochta

Gradaim na nDeontóirí

	50s	100s	Searmanais
Ceatharlach	104	13	1
Luimneach	182	9	1
Baile Átha Fhirdhia	102	17	1
Corcaigh	161	40	1
Tuaim	128	23	1
Baile Átha Cliath	254	112	2

An Feachtas Fógraíochta Náisiúnta ‘Lifeline’

I ndiaidh a sheolta in 2023, rinneamar tuilleadh forbartha ar an bhfeachtas náisiúnta “Lifeline”, lena n-áirítear fógraíocht ar an teilifís, ar an raidió, ar na meáin shóisialta, i bhfíseáin ar éileamh, i bpodchraoltaí agus ar chláir fógraí. Ina theannta sin, thugamar isteach fógraí pictiúrlainne agus fógraíocht taispeána digiteach. Tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas cothromaíocht a bhaint amach idir spreagadh a thabhairt do dheontóirí atá ann cheana féin cabhrú linn an soláthar fola a choinneáil, agus feachtas a mhéadú i measc deontóirí nua ionchasacha ag an am céanna.




Feachtas Oisín – CLG

Tugann ár bhfeachtas CLG, “Every Drop Counts, I Know,” ómós d’Oisín Kelly, lúthchleasaí óg inspioráideach nach maireann a thacaigh go díograiseach le deonú fola tar éis dó leas a bhaint as go leor fuilaistriúchán agus pláitíní agus cóireáil á cur air i gcoinne ailse. Le tacaíocht ó theaghlach agus ó chairde Oisín, seoladh an feachtas ar dtús i gcontae dúchais Oisín, Ceatharlach, go déanach in 2024. Bhí go leor pearsana CLG i láthair ag an seoladh, lena n-áirítear Uachtarán CLG Jarlath Burns, agus tá sé beartaithe an feachtas a chur ar siúl ar fud na tíre le linn 2025, ag spreagadh daoine óga a imríonn spórt go háirithe, machnamh a dhéanamh ar fhuil a dheonú.



Lá Domhanda na nDeontóirí Fola - Soilse Dearga

Chun Lá Domhanda na nDeontóirí Fola a cheiliúradh ar an 14 Meitheamh, d'oibrigh IBTS go dlúth le raon leathan comhpháirtithe agus eagraíochtaí chun a bhfoirgnimh shuntasacha a shoilsiú le soilse dearga don lá. Ghlac breis is 20 foirgneamh mór páirt ar fud na tíre, lena n-áirítear Ard-Oifig an Phoist, Teach an Ard-Mhéara, an Roinn Sláinte, Caisleán Chill Chainnigh agus Carraig Phádraig.



Comhpháirtíocht le Vodafone

Is comhpháirtí tábhachtach de chuid IBTS é Vodafone le fada an lá, ag soláthar ár dtéacsteachtairí go léir saor in aisce. In 2024, reáchtáil Vodafone a bhfeachtas 'Every Connection Counts' ina raibh IBTS le feiceáil ar chlárí fógraí agus ar fhógraí digiteacha agus meán sóisialta, ag cur béime ar an úsáid a bhainimid as a seirbhísí téacsála chun cabhrú linn ár sprioc de 3,000 deonú a bhaint amach in aghaidh na seachtaine.

Clár Fógraí Halla na Saoirse d'Oíche Shamhna

Bhí áthas an domhain ar IBTS oibriú i gcomhar leis an gCeardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Cairmiúil agus Teicniúil a chuir spás fógraíochta an-fheiceálach ar fáil ar Halla na Saoirse i mí Dheireadh Fómhair, áit ar léiriomar teachtaireacht Oíche Shamhna go feiceálach ar feadh breis is coicís.

Deontóirí Céaduaire

In 2024, cuireadh fáilte roimh bhreis is 11,500 deontóir nua. Tugadh isteach pacáistí cumarsáide agus faisnéise nua maidir le clárúchán a dhéanamh chun mothú pobail a chothú agus chun spreagadh a thabhairt dóibh leanúint ar aghaidh ag tabhairt fola amach anseo.

Ina theannta sin, chláraigh go leor de na deontóirí nua seo leis an tairseach coinní ar líne agus tá beagnach 53,000 deontóir cláraithe anois chun coinní a dhéanamh ar líne do chlinicí atá le teacht.

Network coverage subject to availability and location, see vodafone.ie

3,000 blood donations a week.

One network the Irish Blood Transfusion Service can count on to send reminders.

giveblood.ie

vodafone

Rannpháirtíocht an phobail

Bhí IBTS i láthair ag imeachtaí náisiúnta ar nós na gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Bród Bhaile Átha Cliath, agus Lá na hAfraice, imeachtaí a thacóidh leis an bhfeachtas chun an painéal deontóirí a éagsúlú agus é a dhéanamh níos oiriúnaí do bhonn othar na hÉireann atá ag athrú.

Ghlac na foirne réigiúnacha páirt i mórán gníomhaíochtaí éagsúla freisin, lena n-áirítear cruinnithe clubanna spóirt áitiúla, cur chun cinn in ionaid siopadóireachta, agus imeachtaí líonraithe agus cur i láthair gnó corparáideach.

Fógraíocht pláitíní

Reachtáil IBTS feachtas fógraíochta pictiúrlainne freisin chun líon níos mó deontóirí pláitíní a earcú, agus feachtas gearr a reachtáil sna meáin shóisialta, ag fáil léargais a chuirfidh eolas ar fáil d'earcaíocht amach anseo.

Ceangaltais fógraíochta Gaeilge


I gcás cheanglais fógraíochta na Gaeilge, bhain IBTS a chuid oibleagáidí amach in 2024 (20.89% d'fhógraíocht IBTS go léir a bheith i nGaeilge, agus 5.16% den fhógraíocht go léir á chaitheamh ar na meáin chumarsáide Gaeilge amháin).*




* is figiúirí iad seo a cuireadh isteach le torthaí táscacha ó thairseach na gcoimisinéirí réamh-iniúchta.




Figióir 1. Deontóirí Fola san Iomlán de réir Inscne



Figióir 2. Deontóirí Fola san Iomlán de réir Fuilghrúpa



Figióir 3. Deontóirí Fola san Iomlán de réir Aois agus Inscne



Seirbhísí Léiriúcháin agus Ospidéal

Táirgeadh, Seirbhísí Ospidéal, Slabhra Soláthair, Iompar & Lóistíochta, Tacaíocht Eolaíochta agus Forbairt Comhábhar

Príomhrudaí a baineadh amach:

- Tugadh plasma díorthaithe ó fhuil iomlán isteach arís le haghaidh úsáide teiripí agus rinneadh an chéad lastas plasma le haghaidh codánú chun táirgí míochaine díorthaithe ó phlasma a dhéanamh.
- Críochnaíodh athsholáthar feithiclí bailiúcháin fola teochtrialaithe le feithiclí atá comhoiriúnach le breosla HVO.
- Críochnaíodh tástáil bailíochtaithe tosaigh ar tháirge nua féideartha - fuil iomlán ina bhfuil pláitíní lena húsáid i dtráma.
- Coinníodh stoic fola ar fud an tslabhra soláthair, ag cinntiú go raibh fuil agus táirgí fola ar fáil chun freastal ar riachtanais na n-othar.
- D'oibrigh le comhpháirtithe cúraim sláinte inmheánacha agus seachtracha chun úsáid comhábhair fola a uasmhéadú agus a bharrfheabhsú do gach grúpa othar.
- Leanúint de bheith ag athsholáthar trealaimh rithábhachtach próiseála fola chun an cumas próiseála den scoth agus an dea-chleachtas oibríochtúil a choinneáil sa dá ionad sa Lárionad Náisiúnta Fola agus i gCorcaigh.
- D'oibrigh le comhpháirtithe taighde inmheánacha agus seachtracha chun forbairt comhábhair fola feabhsaithe a chur chun cinn. Cuireadh torthaí taighde i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá an fheidhm táirgthe Comhábhair freagrach as próiseáil, lipéadú agus baincáireacht gach deonachán fola iomláin, linnte pláitíní agus deonacháin aifiréise pláitíní ar fud na tíre.

Tá feidhm na Seirbhísí Ospidéal freagrach as bainistíocht fardail, agus as orduithe fola agus táirgí fola a fháil agus a eisiúint ó ospidéal.

Tá feidhmeanna an tSlabhra Soláthair, an Iompair & Lóistíochta freagrach as tacú le riachtanais ghnó inmheánacha agus seachtracha.

Tá an fhoireann Tacaíochta Eolaíochta agus Forbartha Comhábhair freagrach as bainistiú a dhéanamh ar gach táirge pláitíní, táirgí fola iomláin neamhghnácha agus táirgí cealla dearga a eisítear ón Lárionad Náisiúnta Fola. Cuireann an fhoireann seo tacaíocht eolaíoch laethúil ar fáil do roinnt ranna agus cuimsíonn sí feidhm forbartha táirgí.

Gníomhaíocht Chomhábhar Fola


Tháinig méadú ar líon na gcealla dearga (2.9%) agus na bpláitíní (3.6%) a eisíodh d'ospidéal in 2024, i gcomparáid le 2023.

Gníomhaíocht i dtaca le Táirgí Míochaine


Tháinig laghdú ar líon na n-eisithe LG-Octaplas in 2024 (-6.3%) agus méadú ar líon na dtiúchan fibrinigin in 2024 (2.1%), i gcomparáid le 2023. Tharla aistriú táirge tiúchana fibrinigin ó Riastap go Fibryga le linn na bliana.




Fíor 4: Saincheisteanna Cealla Dearga 2020 go 2024



Figiúr 5. Saincheisteanna Pláitíní 2020 go 2024



Fíor 6. Saincheisteanna LG-Octaplas agus Fibrinigin 2020 go 2024



Plasma le haghaidh Leighis

Is é plasma an chuid leachtach de do chuid fola a iompraíonn cealla dearga, pláitíní agus cealla bána fola timpeall an choirp. Tá fachtóirí téachta ann a chabhraíonn chun stop a chur le fuiliú, agus antasubstaintí, ar a dtugtar glóbailíní imdhíonachta, a throidann in aghaidh ionfhabhtaithe.

Is féidir plasma a aistriú mar phlasma leachtach, próiseáilte i dtáirgí plasma eile, amhail crió-dheascáin nó a úsáid mar fhoinsé táirgí míochaine tábhachtacha ar a dtugtar Táirgí Míochaine Díorthaithe ó Phlasma (PDMPanna). Is gníomhairí teiripeacha iad seo atá riachtanach do chúram sláinte a shábhálann beatha, a fhaightear trí mheascán de chéimeanna próiseála ar scála mór ar a dtugtar codánú.

Úsáidtear PDMPanna chun cóireáil a dhéanamh ar réimse coinníollacha lena n-áirítear neamhoird imdhíonachta, neamhoird néareolaíocha, neamhoird fola agus galair thógálacha.

Ó 2001 i leith, tá plasma á allmhairiú ag IBTS le haghaidh úsáide teiripí chun an riosca tarchuir vCJD a laghdú. Mar sin féin, in 2024 thug an IBTS plasma díorthaithe ó fhuil iomlán isteach arís le haghaidh úsáide teiripí daonna ar scála mór. Is tionscadal suntasach é a chuimsigh gach gné den eagraíocht ó chlinicí deonacháin go dáileadh táirgí.

Bhain athruithe bonneagair i bpróiseáil fola, cur i bhfeidhm teicneolaíochta reo tionsclaíche agus sraith athruithe córais leictreonaigh chun bainistíocht táirgí agus sonraí plasma a chumasú leis an tionscadal. Tá próisis láimhseála, reo agus stórála plasma tugtha isteach ag IBTS anois atá i gcomhréir le rialacháin an tionscail do tháirgí míochaine agus tharla an chéad loingsiú plasma le haghaidh codánúcháin i mí na Nollag 2024.


Cuirfear plasma míochaine ar ais lena úsáid in ospidéal na hÉireann agus úsáidfear aon phlasma atá breise do riachtanais chóras cúram sláinte na hÉireann chun PDMPanna eile amhail imdhíonglobulin a mhonarú. Cinntíonn sé seo go mbainimid an úsáid is fearr as gach deonachán d'othair in Éirinn chomh maith le cur leis an linn plasma Eorpach.

Tá easnamh suntasach i méid an plasma atá á bhailiú san Eoraip faoi láthair agus tá spreagadh ann chun féinleordhóthanacht a bhaint amach i dtáirgeadh PDMP.

Tá an Eoraip ag brath go mór ar na Stáit Aontaithe agus tá an AE ag lorg slándáil agus rialú níos fearr ar a bhailiú plasma agus ar infhaighteacht PDMP. Tá sé rithábhachtach an slabhra soláthair bailiúcháin plasma a bharrfheabhsú chun an leochaileacht agus deireadh a chur leis an spleáchas ar fhoinsí seachtracha PDMPanna.

Chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais othar in Éirinn amach anseo agus go mbeidh siad féinleor go hiomlán, ní mór plasma breise a bhailiú go díreach ó dheontóirí i bpróiseas ar a dtugtar aifiréis fuilphlasma. Seo an áit a mbaintear fuil ón deontóir, a dheighiltear an plasma agus a chuirtear na cealla dearga ar ais chuig an deontóir. Tugtar plasma foinseach air seo agus tá an IBTS i riocht maith chun tús a chur leis seo toisc go mbailítear deonacháin pláitíní ar bhealach cosúil cheana féin.

Bailíonn formhór na dtíortha Eorpacha plasma foinseach chun cur leis an soláthar plasma. Tar éis srianta a bhaineann le vCJD a bhaint, is féidir plasma foinseach a bhailiú anois in Éirinn agus tá IBTS i gcéimeanna tosaigh an scrúdú a dhéanamh ar an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar an bhforbairt straitéiseach seo.



TABHAIR FUIL CHUN
LÁMH THARRTHÁLA A
THABHAIRT DO DUINE.

giveblood.ie

TÁIMID AG BRATH ORT.

Tástáil

An tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí (SNSD)

Cuimsíonn an SNSD na trí shaotharlann tástála deontóirí: Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí (GUD), Víreolaíocht agus Tástáil Aigéid Núicléasaigh (TAN). Fágann an comhoibriú leathan seo idir na trí shaotharlann tástála deontóirí gur féidir anailís sreafa oibre barrmhaitheasa a dhéanamh, úsáid straitéiseach a bhaint as príomhphearsanra eolaíochta, pearsanra eolaíochta a uasoiliúint in iliomad disciplíní, taighde agus forbairt a mhéadú sna réimsí ar fad agus tuilleadh seirbhísí tástála a chur ar fáil do IBTS.

I measc phríomhéachtaí SNSD in 2024, tá:

- In 2024, lean an tSaotharlann Víreolaíochta lena comhpháirtíocht leis an Aonad Seirea-eipidéimeolaíochta (SEU) san Ionad Faireachais um Chosaint Sláinte (HPSC) i ndáil leis an gClár Seirea-fhaireachais Náisiúnta Covid 19 atá fós ag feidhmiú.
- Thug an tSaotharlann Víreolaíochta isteach tástáil roghnach HTLV do dheontóirí ag tabhairt fola den chéad uair agus do dheontóirí a stop ag tabhairt fola ar feadh tréimhse, ag bogadh ar shiúl ó thástáil uilíoch a dhéanamh ar gach deontóir in 2024.
- Tá GUD ag leanúint ar aghaidh ag forbairt clár scagthástála deontóirí neamhchoitianta. In 2024, shainaithin an roinn 2 dheontóir Kpb- (leitheadúlacht 0.0001%) agus 29 deontóir Lub- (leitheadúlacht 0.2%).
- Shainaithin GUD 3 dheontóir U- agus 57 deontóir Fya-b- breise. Ní bhíonn na cineálacha antaigin-dhiúltacha seo i láthair ach i ndaonra deontóirí de bhunadh na hAfraice.
- Oiliúint agus rannpháirtíocht i bhfoireann iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar riachtanais ISO (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán).

- Chuir cothabháil agus dul chun cinn an chláir thrasoiliúna le tacaíocht ón Oifigeach Oiliúna agus Oideachais tacaíocht thrasfheidhmeach ar fáil idir baill foirne sna trí roinn rud a chuir le foireann chomhtháite agus chomhoibriú a fhorbairt in SNSD.
- Lean SNSD ar aghaidh ag cur tionscnaimh inbhuanaitheachta agus comhshaoil chun cinn i gcomhréir lena dheimhniú Glas My Green Lab.

Foilseacháin agus Cuir i Láthair SNSD:

- *Infectious Disease Screening: A Key Step in Diversifying the Irish Donor Population* i láthair ag an dara Comhdháil um Dheonú Fola, Haemaiteolaíocht, Ionfhabhtú agus Fuilaistriú – BloodHIT 2024.
- *The Introduction of Malaria Antibody Testing at the Irish Blood Transfusion Service*. Cur i láthair póstaer ag ISBT Barcelona.
- *Cytomegalovirus Seroprevalence in Irish Blood Donors*. Cur i láthair póstaer ag comhdháil BloodDHIT.
- *SARS-CoV-2 Surveillance Study in Irish Blood Donors*. Cur i láthair póstaer ag comhdháil BloodDHIT.
- *Journey to Sustainability at the IBTS*. Cur i láthair póstaer ag comhdháil BBTS agus BloodDHIT.
- *Beckman Coulter PK7400 Primary Blood Group Analyser is suitable for phenotyping and screening Irish Blood Donors*. Cur i láthair póstaer ag comhdháil BloodDHIT.
- *Cruthú agus Forbairt Chláir Deontóirí Neamhchoitianta na hÉireann*. Cur i láthair póstaer ag comhdháil ISBT agus cur i láthair ó bhéal ag an gcomhdháil BloodDHIT.
- *Éagsúlacht Féinitíopaí Antaigin Fola i nDeontóirí Fola Éireannacha*. Cur i láthair póstaer ag Comhdháil Dámh na Míochaine Sláinte Poiblí.



Gníomhaíocht Saotharlainne SNSD:

In 2024, rinne SNSD tástáil ar 140,767 deonú, agus tháinig 132,718 díobh ó dheontóirí a thgann fuil arís agus arís eile (94%) agus tháinig 8,049 (6%) de na deonuithe seo ó dheontóirí céaduaire. Ina theannta sin, rinneadh tástáil ar 2,032 deontóir nua nach raibh ach samplaí acu.

Rinneadh tástáil ar gach deonú le haghaidh:

- **GUD:** ABO/Rh, feinitíopa Rh leathnaithe (CcEe), scagthástáil antashubstaintí deontóra agus ardtítear A/B
- **Víreolaíocht:** Láithreach antashubstaint i gcoinne víris Easpa Imdhíonachta Daonna (frith-VEID 1/2), antashubstaint i gcoinne víreas Heipitíteas C (frith-HCV), antashubstaint i gcoinne víreas T-Limfótrópach Daonna cineál I agus II (frith-HTLV-I/II), antashubstaint i gcoinne croí Heipitíteas B (frith-HBc), Antaigin Dhromchla Heipitíteas B (HBsAg), antashubstaint i gcoinne Treponema Pallidum (Sifilis).
- **TAN:** Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna cineál 1 agus 2 (VEID-1/2), víreas Heipitíteas C (HCV) agus víreas Heipitíteas B (HBV) agus víreas Heipitíteas E (HEV)

Rinneadh deonuithe roghnaithe a thástáil le haghaidh na nithe seo a leanas:

- **ADG:** Cineálacha antaigin leathnaithe, haemaglóibín S, scagthástáil antashubstaintí nuabheirthe. Déantar deontóirí a rangú le haghaidh cineálacha antaigin leathnaithe (Fya/b, Jka/b, M, S/s, k) le haghaidh orduithe rialta ospidéal agus chun feinitíopaí níos annaimhe nó teaghlaim de chineálacha antaigin-dhiúltacha a shainaithint. Baineann sin de ghnáth le hothair a bhfuil riachtanais chasta fuilaithe acu amhail galar corráncheallach, antasubstaintí iolracha fuilcheall dearg agus le fuil atá meaitseáilte go próifíolacsach ó thaobh antaiginí de d'fhuilaithe ionútaracha, agus othair áirithe a bhfuiltear ar an eolas fúthu go dtáirgeann siad antasubstaintí fuilcheall dearg

- **Víreolaíocht:** Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítímeigilivíris (CMV) (timpeall ar 80% de dheonacháin) ionas go mbeidh soláthar deonachán atá CMV diúltach ann do na hothair atá i mbaol aimhréidheanna ionfhabhtaithe CMV e.g. othair imdhíonlagaithe. Déantar tástáil ar dheonuithe roghnaithe le haghaidh antashubstaintí maláire freisin. Tugadh isteach tástáil roghnach le haghaidh HTLV in 2024 do gach deontóir céaduaire agus do dheontóirí a stop ag tabhairt fola ar feadh tréimhse, agus dóibh sin amháin.
- **TAN:** Rinneadh scagthástáil ar dheontóirí roghnaithe do Víreas na Níle Thiar (VNT) ó Bhealtaine go mí na Nollag 2024. Rinneadh an tástáil ar dheontóirí a thaistil chuig ceantar a raibh baol VNT ag baint leis le 28 lá anuas.

Tá dhá uirlis in úsáid in GUD: Úsáidtear PK7400 sa tsaotharlann mar anailíseoir príomha ar ghrúpaí fola agus Ortho Vision mar anailíseoir tánaisteach ar ghrúpaí fola. Córais haemaiteolaíochta imdhíonachta atá sa dá uirlis agus úsáideann siad teicnící haemaighleanúna agus íograithe araon. Is córas micreaphláta ar thréachur ard é an PK7400 agus úsáideann Ortho Vision teicneolaíocht gleanúna colúin chun tabhairt faoi thástálacha. Baintear úsáid as teicnící láimhe d'fhonn antasubstaint a aithint agus tréithe corráncheall a thástáil.

Déanann an tsaotharlann Víreolaíochta scagthástáille Córas Abbott Alinitys, arbanailíseoir imdhíonmheasúnachta iomlán uathoibrithe ar thréachur ard é atá deartha le teicneolaíocht imdhíonmheasúnachta ceimealonraí (CMIA) a úsáid le fáil amach an bhfuil antaiginí agus antasubstaintí sonracha i láthair. Déantar scagthástáil antashubstaintí maláire leis an ionstraim Dynex DS2.

Déanann saotharlann TAN tástáil ar Dheonacháin Aonair (ID-NAT), agus úsáidtear uirlisí tástála Panther chun sin a dhéanamh i gcomhar le measúnachtaí Ultrio Elite (UE) HEV agus WNV. Is córas dúnta iomlán uathoibrithe é an gaireas Panther a úsáidtear

le haghaidh tástáil TAN Measúnacht ilphléacsach Ollmhéadaithe trí Mheán Tras-Scríofa (TMA) is ea measúnacht Procleix UE chun RNA HIV-1/2 RNA, RNA HCV agus DNA HBV a bhrath i bplasma de bhunús daonna. Aimsíonn measúnacht Procleix HEV RNA HEV. Déanann measúnacht WNV leibhéal íseal RNA WNV (ginealach 1 agus 2) a bhrath go hiontaofa i ndeonuithe fola.

Déanann an tsaotharlann scagthástáil chomh maith le haghaidh marcóirí víreasacha do rannóga éagsúla in IBTS, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíochán comhla croí agus samplaí ó chláir thástála rianaithe faighteoirí.

Rannpháirtíocht i Scéimeanna Measúnaithe Cáilíochta Seachtracha (SMCS):

Glacann SNSD páirt i roinnt SMCSanna. Fuair gach roinn in SNSD torthaí sásúla ina SMC ábhartha.

In 2024, ghlac CUD páirt i 3 scéim NEQAS. Bhí 18 gcleachtadh seireolaíochta ar leithligh agus 6 chleachtadh haemaglóibín neamhghnácha ann.

Glacann an tSaotharlann Víreolaíochta páirt i dtrí chlár inniúlachta: ceann amháin arna scaipeadh ag Seirbhís Measúnaithe Cáilíochta Seachtrach Náisiúnta na Ríochta Aontaithe (UK NEQAS) do Mhicribhitheolaíocht, an dara ceann ag an NRL san Astráil agus ceann eile ag an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasanna agus Cúraim Sláinte (EDQM/NAT). San iomlán, críochnaíodh 25 cleachtadh inniúlachta in 2024 i Víreolaíocht, ag measúnú na marcóirí víreolaíochta uile a tástáladh sa tsaotharlann.

Ghlac saotharlann TAN páirt i seacht gclár inniúlachta: dhá cheann arna soláthar ag an NRL san Astráil, ceann amháin ag an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasanna agus Cúraim Sláinte (EDQM), dhá cheann ag Rialú Cáilíochta um Dhiagnóisic Mhóilíneach (QCMD), sa Ríocht Aontaithe agus dhá cheann ag an Lárionad Náisiúnta um Rialú agus Meastóireacht

Leigheasanna (CNCF), san Iodáil. San iomlán, críochnaíodh 16 chleachtadh inniúlachta in 2024 i saotharlann TAN.

Glacann an tsaotharlann páirt freisin sa chlár faireachais atá á reáchtáil ag Aonad Eipidéimeolaíochta na Seirbhíse Náisiúnta Fola agus Trasphlandúcháin (NHSBT)/Gníomhaireacht um Chosaint Sláinte na Ríochta Aontaithe. Déantar monatóireacht ar na rátaí imoibríochta athuair agus na rátaí dearfacha deimhnithe le haghaidh trealamh tástála a úsáideann uimhreacha baisce éagsúla imoibrithe leis an NHSBT. Cointear tuarascáil fógra ina dtugtar mionsonraí faoi fheidhmíocht na measúnachta agus treochtaí i rátaí imoibríochta.

Tástáil Teagmhais SNSD:

Ós rud é gur saoráid náisiúnta tástála atá in SNSD, tá plan do thástáil sheachtrach ag IBTS le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban ar eagla go dteipfeadh go tubaisteach ar na huirlisí nó ar an láthair. D'éirigh le SNSD páirt a ghlacadh in dhá bheart in 2023, faoinar seoladh samplaí ó 24 deontóir i gcomhair tástála agus d'éirigh go maith leis. Níorbh éigean an plan a ghníomhachtú i gcás 'beo' ó rinneadh an tástáil a chomhdhlúthú san Ionad Náisiúnta Fola in 2010.

Iniúchtaí SNSD:

Glacann an tsaotharlann páirt fosta i roinnt cláir Iniúchta Inmheánacha agus Sheachtracha lena chinntiú go bhfuil comhlíontacht sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta (CBC). Déanann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS), rannóg Dearbhaithe Cáilíochta (DC) IBTS agus Saotharlann SNSD iniúchadh ar phróisis agus modhanna oibre SNSD.

An tSaotharlann um Haemaiteolaíocht Imdhíonachta Ceall Dearg (HICD)

Cuireann Saotharlann HICD seirbhísí cuimsitheacha réamh-fhuilaistriúcháin agus atreoraithe réamhbhreithe ar fáil d'ospidéal ar fud na tíre.



Príomhéachtaí 2024:

Éachtaí Taighde agus Oideachais

Chuir foireann HICD go gníomhach leis an bpobal eolaíochta trí chur i láthair comhdhála agus tionscnaimh taighde, lena n-áirítear:

- **Comhdháil BBTS:** *Enhancing the Delivery of Services and Fostering Collaboration in the Transfusion Field – Formation of the UK and Ireland Red Cell Immunohaematology Working Group*
- **Comhdháil ISBT:** *Blood Provision for a Patient with Anti-IH and Subsequent Laboratory Improvements*
- **Comhdháil BloodHIT:** *Combining Serological and Molecular Methods*
- **Tionscnamh taighde fochéime:**
 - > I mí Feabhra 2024, chuir mac léinn Eolaíochta Leighis de chuid OTA tús lena tionscadal taighde fochéime sa bhliain dheireanach ag HICD.
 - > **Teideal an Tionscadail:** *Evaluating Reagents for the Use of Enzyme Treatment of Adsorption Cells in Reference Serology*

Dul chun cinn i dtástáil saotharlainne

- Forbraíodh cur chuige caighdeánaithe chun othair atá ag fáil cóireála Frith-CD47 a thástáil.
- Cuireadh próiseas i gcrích chun idirdhealú a dhéanamh idir IgM frith-M agus IgG frith-M.

Gnóthachtálacha saotharlainne

I measc na bpríomhghnóthachtálacha, tá na cinn seo a leanas:

- Coinníodh creidiúnú ISO 15189 go rathúil i ndiaidh na cigireachta i mBealtaine 2024.
- Rinneadh athbhreithniú ar an bpróiseas tuairiscithe i gcomhar le Medlab Partners.
- Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar bhainistiú stoic chun éifeachtúlacht a fheabhsú.
- Amanna slánúcháin feabhsaithe le haghaidh tuairisciú ar thoirtmheascadh antashubstaintí le linn toirchis, rud a chinntíonn cinnteoireacht chliniciúil thráthúil.
- Cumais tuairiscithe leictreonacha leathnaithe d'ospidéal ar fud na tíre trí chomhtháthú Sharefile agus ríomhphoist.
- Forbraíodh agus cuireadh plan aistrithe i bhfeidhm chun comhlíonadh ISO 15189:2022 a chinntiú.
- Glacadh le sceideal iniúcháireachta bunaithe ar riosca, ag cinntiú go raibh gach iniúchadh a rinneadh in 2024 ag cloí leis an gcreat seo.

Gníomhaíocht saotharlainne

Cuireann Saotharlann HICD réimse cuimsitheach seirbhísí speisialaithe imdhíoneolaíochta ar fáil, lena n-áirítear:

- Soláthar fola trasmhéiteáilte d'othair a bhfuil antashubstaintí casta acu.
- Imscrúdú ar antashubstaintí cealla dearga, lena n-áirítear cásanna atá casta ó thaobh na séireolaíochta de.
- Imscrúdú ar imoibrithe fuilaistriúcháin haemalaíocha chun sábháilteacht othar a chinntiú.
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear réiteach neamhghnáchaíochtaí fuilghrúpa.
- Measúnú ar othair a bhfuil tástálacha dearfacha díreacha frithghlóbailín acu chun cúiseanna bunúsacha a aithint.
- Imscrúdú ar ainéime haemalíteach uath-imdhíonach, ag tacú le diagnóis agus cóireáil chruinn.
- Brath ar chur isteach antashubstaintí monachlónacha, rud a chinntíonn tástáil chomhoiriúnachta fuilaistriúcháin chruinn.
- Diagnóis agus bainistiú galar haemalíteach an fhéatais agus an linbh nuabheirthe (HDFN).

- Scagthástáil réamhbhreithe le haghaidh antashubstaintí cealla dearga chun toircheas atá i mbaol a aithint, lena n-áirítear cainníochtú agus toirtmheascadh antashubstaintí.
- Soláthar fola oiriúnach ag an mbreith do thoircheas atá i mbaol chun torthaí leanaí nuabheirthe a bharrfheabhsú.
- Féinitíopaíocht leathnaithe d'othair atá ag brath ar fhuilaistriú agus dóibh siúd a bhfuil antashubstaintí casta cealla dearga acu.
- Féinitíopaíocht cealla dearga deontóra ar iarratas chun tacú le comhoiriúnacht fuilaistriúcháin.
- Comhairle chliniciúil agus eolaíoch a sholáthar do chomhghleacaithe ospidéal.
- Allmhairiú fola neamhchoitianta d'othair ainmnithe a bhfuil tacaíocht speisialaithe fuilaistriúcháin ag teastáil uathu.
- Seirbhís éigeandála ar glao-dhualgas lasmuigh d'uaireanta oibre chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais phráinneacha fuilaistriúcháin.
- Soláthar seirbhísí bainc fola ospidéal d'Ospís na Carraige Duibhe, d'Ospís Mhuire, agus d'Ospidéal Súl agus Cluas Ríoga Victoria.

Méadrachtaí gníomhaíochta

In 2024, rinne Saotharlann HICD tástáil ar 2,553 sampla san iomlán, rud a léiríonn laghdú 1.74% i gcomparáid le 2023.

	Líon Iomlán na Saothrú Samplaí a tástáladh			Líon Frith-C Líon		Trasnaíocht Mhonachlónach		Tástáil Chomhoiriúnachta Iomlán	Samplaí ar Glao-dhualgas
	Cineáil RhD	Antasubstaint ID	Líon Frith-D						
2023	2598	6	2453	384	153	384	1184	267	
2024	2553	2	2343	275	154	341	1102	294	
(%)	-1.74	-66.7	-4.5	-28.4	+0.65	-11.2	-6.9	+9.2	



Príomhbhreathnuithe

- Tháinig laghdú 28.4% ar atreoruithe Cainníochtaithe Frith-D, is dócha mar gheall ar rath an chláir Phróifíolacsas Réamhbhreithe Gnáthamh Frith-D (RAADP) agus ráta breithe atá ag dul i laghad in Éirinn.
- Ó mhí na Samhna 2023 i leith, tá iarratas cliniciúil sainordaithe ag HICD do gach atreorú trasmheaitseála, ag scagadh amach iarratais mhíchuí. Mar thoradh air seo, tháinig laghdú 6.9% ar iarratais ar thástálacha comhoiriúnachta in 2024.
- Breathnaíodh laghdú breise ar atreoruithe d'othair a fuair druga monachlónach frith-CD38, rud a léiríonn go bhfuil ospidéil ag cur a straitéisí tástála trasnaíochta monachlónach féin i bhfeidhm, amhail DaraEx.

Castacht shamplach

Lean HICD ar aghaidh ag fáil cásanna seireolaíocha an-chasta, agus méadú 40% ar líon na samplaí seireolaíocha deacra nó neamhchoitianta a atreoraíodh in 2024. Ba chásanna réamhbhreithe cuid shuntasach díobh seo, áit a raibh sainaithint antasubstaintí cealla dearga rithábhachtach chun riosca galar haemalíteach an fhéatais agus an nuabheirthe (HDFN) a mheas agus riachtanais fola na máthar agus an linbh a chinneadh. Tá torthaí rathúla bainte amach ag gach cás a bainistíodh go dtí seo.

Treochtaí antashubstaintí (2023 vs 2024)

Antasubstaint	2023	2024	difríocht %
Frith-G	49	60	+18.3
Frith-Ch/Rg	25	37	+32.4
Sonrach don Chóras	23	18	-21.7
Antashubstaintí de chineál HTLA	22	12	-45.5
Frith-Wra	18	39	+53.8
Frith-Lua	11	17	+35.3
Frith-Kpb	8	11	+27.3
Frith- Lea	8	21	+62
Frith-PI	6	10	+40
Frith-Leb	5	21	+76.2
Frith-Yta	4	1	-75
Frith-IH	4	4	0
Imdhíonacht Frith-B	2	0	-200
Frith-k	2	2	0
Frith- H	1	0	-100
Frith-Kna	1	0	-100
Frith-Vw	1	3	66.7
Frith-Ce	1	0	100
Frith-f	1	1	0
Frith-Coa	1	0	100
Frith-PP1Pk	1	6	83.3
Antashubstaint a bhaineann le CR1	0	7	700
JMH	0	3	+300
Yka	0	2	+200
Lub	0	2	+200
JK3	0	2	+200
Fy3	0	1	+100
Mia	0	1	+100
Iomlán	194	281	+40%

SCARF (Líonra Malartaithe Séiream, Cealla, agus Sreabhán Neamhchoitianta)

Lean Saotharlann HICD ar aghaidh ag leathnú a fardail de Chealla Tagartha Neamhchoitianta agus Antiseraim trí rannpháirtíocht i Líonra Malartaithe Idirnáisiúnta SCARF agus i Malartán Cealla na Ríochta Aontaithe. Rinneadh modheolaíochtaí tástála a bharrfheabhsú tuilleadh chun freastal ar dhéimeagrafaic dhaonra na hÉireann atá ag athrú i gcónaí.

Allmhairiú fola agus táirgí neamhchoitianta

In 2024, allmhairíodh 15 aonad cealla dearga san iomlán d'othair ainmnithe, rud a léiríonn méadú 73.3% i gcomparáid le 2023 (4 aonad). Éascaíodh na hallmhairí seo seacht n-uaire ó na tíortha seo a leanas:


- An Ríocht Aontaithe (n=4)
- Ceanada (n=1)
- An Spáinn (n=1)
- An tSualainn (n=1)

Ina theannta sin, chuidigh HICD le hallmhairiú 12 aonad pláitíní, rud a léiríonn méadú 75% ó 2023 (3 aonad). Ó Mheán Fómhair 2024, ghlac SSCD freagracht as allmhairiú pláitíní.

Iarratais Lasmuigh d'Uaireanta Oibre

Lean an t-éileamh ar sheirbhísí lasmuigh d'uaireanta oibre ag méadú, le méadú 9.2% ar atreoruithe in 2024. Léiríonn an graf thíos an méadú seasta ar atreoruithe lasmuigh d'uaireanta oibre ó 2019 go 2024.

Fíor 7: Iarratais ar glao-dhualgas 2019 - 2024





Rannpháirtíocht i Scéimeanna Seachtracha um Dhearbhu Cáilíochta

Glacann Saotharlann HICD páirt ghníomhach i scéimeanna seachtracha um dearbhu cáilíochta seachtracha éagsúla, lena n-áirítear; IEQAS, AQQAS, NEQAS agus WASPS. Ina theannta sin, glacann HICD páirt i scéimeanna comparáide idirshaotharlanna le haghaidh teicnící speisialaithe éagsúla, lena n-áirítear:

- Teicnící Eisionnalta
- Toirtmheascadh antasubstaintí
- Teicnící Asúcháin
- Cóireáil DTT
- Teicnící neodrúcháin


Bhí na torthaí go léir a fuarthas sásúil; aithníodh trí earráid iontrála sonraí agus tugadh tuairiscí teagmhais orthu ina dhiaidh sin. Rinneadh iad seo a bhainistiú de réir bheartais agus nósanna imeachta IBTS chun feabhsú leanúnach cáilíochta a chinntiú.

An tSaotharlann Tagartha Náisiúnta um Hist-Chomhoiriúnacht agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI)

Cuireann an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta um Hist-Chomhoiriúnacht agus Imdhíon-Ghéineolaíocht (SNTHI) réimse cuimsitheach seirbhísí tástála cliniciúla ar fáil atá deartha chun tacú leis na cláir trasphlandúcháin gascheall haemaiteolaíoch allógéineach (HSCT) in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Is féidir HSCT a úsáid chun leicéime, siondróim teipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn a chóireáil.

Dearbhaíonn an tsaotharlann an cineál Antaigine Leocaicíte Daonna (ALD) atá ag gach othar agus deontóir (gaolmhar nó neamhghaolmhar) roimh thrasphlandú le cabhrú le roghnú deontóirí. Úsáideann an tsaotharlann modhanna móilíneacha atá bunaithe ar an imoibriú slabhrúil polaiméaráise (PCR) amháin chun na géinte a ionchódaíonn na móilíní ALD a shainiú. Is féidir leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a bhaint amach, rud a dhéanann idirdhealú idir ailléilí aonair na ngéinte ALD. Ón 15 Meitheamh 2020 i leith, chuir SNTHI tús le tíopáil ALD le haghaidh 11 loci ALD (ALD-A, B, C, DRB1/3/4/5,

Figiúr 8. Líon na nOthar Éireannach a fuair HSCT ó Dheontóir Neamhghaolmhar 2015 - 2024



DQA1, DQB1, DPA1, DPB1) trí Sheicheamhú don Chéad Ghlúin Eile (SCGE) ina n-úsáidfear ardáin Illumina MiSeq.

Tá clár cuimsitheach dearbhaithe cáilíochta ag an tsaotharlann, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcláir inmheánacha agus sheachtracha tástála oilteachta le haghaidh tíopáil ALD, Géinitíopáil Antaigine Pláitíní Daonna (APD) agus imscrúduithe antasubstainte ALD. Tá creidiúnú tugtha don SNTHI ag an gCónaidhm Eorpach um Imdhíoneolaíocht (EFI) ó 2001 i leith.

In 2024, rinneadh cineálú ALD ar shamplaí ó 317 othar Éireannach le haghaidh trasphlanduithe gascheall haemateapoiéiteacha féideartha agus ar 371 ball teaghlaigh ag an SNTHI. I gcás na n-othar sin nach bhfuil deontóir teaghlaigh oiriúnach acu, féadfar deontóir neamhghaolmhar a aithint ó chlár na ndeontóirí neamhghaolmhara deonacha. Rinneadh tíopáil ALD ar 464 sampla san iomlán ó dheontóirí neamhghaolmhara féideartha d'othair Éireannacha in 2024. Cuireann SNTHI seirbhís tacaíochta imdhíonghéineolaíochta ar fáil do Chlárann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ). Ó Dheireadh Fómhair 2019 i leith, bhí ceist san áireamh sa Cheistneoir Sláinte agus Stíl Mhaireachtála do Dheontóirí Fola (HLQ) do dheontóirí idir 18-25 bliain d'aois ag fiafraí díobh ar mhaith leo a bheith páirteach sa chlárann smeara. Mar thoradh air seo, tá méadú an-suntasach tagtha ar líon na ndeontóirí atá ag clárú, agus 2,266 deontóir nua ag clárú in 2024.

In 2024, rinneadh 76 trasphlandú deontóra neamhghaolmhara san iomlán. Le 10 mbliana anuas, tá 593 trasphlandú deontóirí neamhghaolmhara éascaithe ag an CSNÉ d'othair Éireannacha (Fíor 8).


Ina theannta sin, rinneadh cineál HLA-A, -B de 331 deontóir pláitíní san iomlán agus cuireadh san áireamh iad ar phainéal na ndeontóirí pláitíní chun tacú le soláthar táirge pláitíní is fearr do na hospidéal.

Fuair SNTHI 1,962 sampla mar chuid d'imscrúduithe cliniúla in 2024 (Fíor 9). Chomh maith leis an tacaíocht do na cláir trasphlandaithe gascheall, cuireann SNTHI seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní ar fáil d'imscrúdú séireolaíoch ar Thrombaicítipéine Nuabheirthe Alla-imdhíonach (TNAI), Galar Corcra Iar-fhuilaistrithe (GCI), athraontóireacht pláitíní, trombaicítipéiní alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha tromchúiseacha díobhálacha ar thrasphlandú. Líon na n-imscrúduithe do TNAI in 2024 (n=57).

Cumann na nGalar

Cuireann SNTHI gnáthsheirbhís um thíopáil ALD a bhaineann le galar ar fáil. B'ionann an tseirbhís seo agus 4,119 (45.2%) de na 9,105 sampla a fuair SNTHI le haghaidh tástála in 2024. Déantar formhór (83%) na samplaí comhlachais galair a atreorú chun láithreach nó neamhláithreach HLA-B27 a chinneadh, rud a bhaineann le Spondailíteas Ancalósaithe; galar réamatach pianmhar forásach a théann i bhfeidhm ar an dromlach agus ar na hailt shaicriliacha go

Figiúr 9. Imscrúduithe Cliniciúla SNTHI





príomha. Cuireann an tseirbhís tíopáil ALD ar fáil le haghaidh Galar Céiliach (DQ2/DQ8, 2.6%), Ghalair Behcet (B*51, 2.6%), Frithghníomh Hipiríogaireachta de bharr Abacavir (B*57:01, 7.8%), Narcaileipse (DQB1*06:02, 0.9%), eitineachóroideapaite Birdshot (A*29, 0.7%), GEARHEIPITÍEAS trom i bpáistí (DRB1*04, 0.5%) agus Meileanóma Meiteastáiseach na hÚibhé (A*02:01, 0.7%).

Saotharlann Ghéineolaíochta Fuilghrúpa (BGGL)

Déanann Saotharlann Ghéineolaíochta Grúpa Fola na Roinne Bitheolaíochta Móilíní agus Géineolaíochta sa Lárionad Náisiúnta Fola tíopáil Fuilghrúpa Móilíneach, agus is é an cuspóir atá leis seirbhís dhiagnóiseach mhóilíneach a sholáthar chun grúpa fola a chinneadh.

Cuireann Saotharlann Ghéineolaíochta na bhFuilghrúpaí seirbhís ar fáil do:

- Scagtháil Nuabheirthe RhD
- Imscrúdú ar Ghéinitíopa D Lag
- Fiosrú ar Athraitheach RhD
- Imscrúdú ar Ghéinitíopa Áireamh Iomlán Fuilcheall Dearn
- Imscrúdú ar Athraitheach RHCE

Úsáidtear tástáil bunaithe ar ADN (aigéad dí-ocsairibeanúicléasach) níos minice anois chun feinitíopa fuilghrúpa a thuair agus chun cleachtais a fheabhsú sa mhíochaine fuilaistriúcháin. Má chuirtear fuilchealla

dearga a bhfuil antaigin faoi leith iontu isteach in imshruthú duine nach bhfuil an antaigin sin iontu (trí fhuilaistriú nó toircheas), féadfar freagairt imdhíonachta a mhúscailt. Féadfaidh táirgeadh iarmhartach antasubstaintí tionchar suntasach a imirt ar ghalracht agus fiú ar bhásmhaireacht an othair.

Le modhanna íogaire, amhail Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise cainníochtúil (qPCR), is féidir leibhéil an-íseal ADN a bhrath agus tá siad an-infheidhme chun géinte fuilghrúpaí féatais a bhrath in ADN atá saor ó chealla a bhaintear as fuil na máthar.


In 2024, fuair Saotharlann Ghéineolaíochta na nGrúpaí Fola breis is 5,100 sampla le haghaidh scagthástála RhD féatais ó 13 ospidéal éagsúla ar fud na tíre. Tá tarchur leictreonach thorthaí scagthástála RhD féatais trí Medibridge ar fáil d'ospidéil atreoraithe.

Ó forbraíodh Saotharlann GGF agus ó cuireadh i bhfeidhm scagthástáil RHD Féatais in 2018/19, sheachain breis is 5,500 bean frith-D próifíolacsach neamhriachtanach.


Le dearbhú móilíneach ar fhuilghrúpaí, cuirtear ar fáil modh cumhachtach a sháraíonn an-chuid de na teorainneacha a bhaineann le modhanna séireolaíocha, chomh maith le tíopáil ardaifigh a chur ar fáil don tíopáil fuilghrúpaí (e.g. athraitheach RHD agus RHCE, sóchán FYCATA).

Faoi láthair, aithnítear 44 Córas Fuilghrúpa Daonna, rinneadh a ngéinte a chlónáil agus cinneadh an bonn móilíneach a bhaineann

Figiúr 10. Géinitíopáil Cealla Dearga



Fíor 11. Scagthástáil RhD Féatais



le hantaiginí ar leith; tá 354 antaigin fuilcheall dearg le fáil sa 44 Córas Fuilghrúpa.

Leanann Saotharlann Ghéineolaíochta na nGrúpaí Fola de sheirbhís géinitíopála fuilcheall dearg bhreisithe a chur ar fáil chun débhríochtaí séireolaíocha a shoiléiriú (D lag, fiosrú RHD, géinitíopáil bhreisithe le haghaidh teiripí antasubstainte monaclónaí frith-CD38) agus chun tacú le scrúduithe diagnóisithe haemaglóibineapaite ar othair chun ailléil athraitheach RHCE coimpléascacha a imscrúdú.

Diagnóisic/Crosmheaitseáil Corcaigh

Tá forbairt leanúnach ar chomhábhair fola reatha, nua agus todhchaí ríthábhachtach chun a chinntiú go gcuirfear torthaí an taighde i bhfeidhm go díreach. Faoi láthair, tá taighde leanúnach ar bun chun ról na veicilí eachtarcheallacha díorthaithe ó phláitíní (PEVanna) i bhfuiliú a shainiú. Déantar PEVanna a chomhaistriú go bunúsach in éineacht le pláitíní isteach in othair, ach ní thuigtear an ról sonrach a imríonn siad faoi láthair. Ina theannta sin, chuir an IBTS comhábhair fola neamhúsáidte ar fáil do thaighdeoirí Éireannacha. Eisíodh 1,590 comhábhar fola san iomlán chun críocha taighde in 2024, agus ba chisil bhánbhuí iad formhór díobh le haghaidh taighde bunaithe ar imdhíoneolaíocht nó ar bhitheolaíocht chealla. Is foinse riachtanach ábhair cheallaigh do thaighdeoirí an tseirbhís seo.


Straitéis

Ba í 2024 an ceathrú bliain inar seachadadh na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach inár ráiteas straitéise, **Ceangail Fhóinteacha: IBTS a Fhorbairt 2021 – 2025**.

Tugadh tús áite do 14 thionscnamh straitéiseacha lena seachadadh in 2024. Tugann an íomhá thíos forbhreathnú ar an dul chun cinn a rinneadh in 2024. Léiríonn glas gur críochnaíodh an tionscnamh go rathúil ag deireadh na bliana, léiríonn buí go ndearnadh dul chun cinn suntasach leis an tionscnamh agus go bhfuil sé sceidealaithe go gcríochnófar i R1 de 2025 é, agus léiríonn dearg gur cuireadh moill ar an tionscnamh agus go seachadfar i R2-R4 2025 é.

Bhí tionchar ar fud na heagraíochta ag go leor de na tionscnaimh a cuireadh i gcrích go rathúil nó bhí comhoibriú trasfheidhmeach suntasach i gceist leo.

Fíor 16. Stádas Thionscnaimh Straitéiseacha 2024



Seo cuid de bhuaicphointí 2024:

- Tabhairt isteach tástála roghnach le haghaidh HTLV i R1 2024 - athrú ar thástáil shamplach deontóirí atá bunaithe ar fhianaise agus atá measúnaithe de réir riosca chun luach agus éifeachtúlacht a chinntiú agus tosaíocht á tabhairt do cháilíocht agus sábháilteacht;
- Bailíochtú comhábhair fola iomláin lena n-eisiúint d'othair a mbíonn rith fola ollmhór orthu i R2 2024;
- Críochnaíodh athstruchtúrú agus oiliúint trasna ar rialú cáilíochta agus bainistíocht ábhar i ráithe 2 2024. Ligeann an t-athrú seo do shamhail níos solúbtha seachadta seirbhíse, atá dinimiciúil agus inoiriúnaithe, rud a bhainfidh pointí spleáchais aonair agus a eascraíonn i bhfeabhsuithe ar phróisis agus ar cháilíocht;
- Feabhsú ár mbonneagair TF agus AD, le rolladh amach Windows 10 i R3 2024 agus uasmhéadú ardán ar líne CoreHR don fhoireann i R4 2024;
- An chéad lastas plasma Éireannach a seoladh le haghaidh codánúcháin i R4 2024. Is garspíoc rithábachtach í seo i dtreo athbhunú phlasma Éireannach le haghaidh úsáide teiripí;
- Críochnú athbhreithnithe ar ár seirbhísí deontóirí agus ar mhúnla oibriúcháin bailiúcháin i R4 2024. Áirítear leis an athbhreithniú seo moltaí maidir le conas is féidir linn ár seirbhís do dheontóirí a neartú agus a ullmhú don todhchaí; agus
- Forbairt Straitéise Inbhuanaitheachta agus Treochlár Gníomhaíochta Aeráide don IBTS chun ár dtionchar comhshaoil a fheabhsú (R4 2024). Cuirfidh an straitéis agus an treochlár seo ar chumas IBTS spriocanna éifeachtúlachta arna sainordú ag an rialtas a bhaint amach.



Acmhainní Daonna

Daoine agus Cultúr

I gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha ONEHR atá mionsonraithe in 'Transforming Together - People: Culture: Connections', ceadaíodh plean Straitéiseach Fórsa Saothair IBTS a cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte i mí na Nollag 2024. Rinneadh dul chun cinn ar phleanáil oibríochtúil an fhórsa saothair tríd an nGrúpa Rialachais um Pleanáil Airgeadais agus Straitéiseach an Fhórsa Saothair chun a chinntiú go raibh an tallann riachtanach ag IBTS chun ár seirbhís a sheachadadh go rathúil agus chun tacú le baint amach ár n-uailmhianta straitéiseacha foriomlána.

Tá an margadh do thallann i réimsí an chúraim sláinte agus an riaracháin fós iomaíoch. Chonaiceamar ráta athraithe foirne iomlán de 11.6% agus ráta athraithe foirne deonach de 7.9%. Reáchtáladh 108 feachtas earcaíochta nua san iomlán in 2024.

Earcaíocht / Láimhdeachas



614 fostaí



127 ceapachán nua



70 a d'fhág



7 a chuaigh ar scor in 2024

(ochtar ball foirne eile atá fós ag obair tar éis a n-aoise scoir íosta)



Dámhachtainí Fadseirbhíse



In 2024;


Rinne ball foirne amháin (1) ceiliúradh ar sheirbhís **50** bliain

Rinne ball foirne amháin (1) ceiliúradh ar sheirbhís 30 bliain

Rinne **11** bhall foirne ceiliúradh ar sheirbhís **20** bliain


agus rinne (8) mball foirne ceiliúradh ar sheirbhís **10** mbliana.

Figiúr 17. Próifíl aoise




Asláithreacht

Ba é an ráta iomlán neamhláithreachta de bharr saoire bhreoiteachta ná **5.59%** (i gcomparáid le meánráta 7.01% de chuid FSS).



Figiúr 18. Próifíl inscne




Bearna Phá idir na hInscní

Léiríonn an bhearna phá idir na hInscní neamhionannais chórasacha agus idirdhealú bunúsacha san ionad oibre, rud a théann i bhfeidhm ar fholláine airgeadais na mban agus a neartaíonn neamhionannais inscne. Tá sé ríthábhachtach dul i ngleic leis an mbearna seo chun cothroime, éagsúlacht agus cumhachtú eacnamaíoch a chothú. Tomhaiseann an tuarascáil ar an mbearna phá idir na hInscní an difríocht i meánphá comhlánuairanchloigidir mná agus fir laistigh d'eagraíocht, arna léiriú mar chéatadán. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil sé seo difriúil ó phá comhionann, rud a chinntíonn go bhfaigheann daoine aonair an cúiteamh céanna as obair de luach comhionann, beag beann ar inscne.

Léiríonn torthaí an bhearna phá idir na hInscní i IBTS go dtuilleann mná i bhfostaíocht lánaimseartha bhuan agus iad siúd i bhfostaíocht shealadach 8.8% níos lú in aghaidh na huaire ar an meán ná a gcomhghleacaithe fir. Tá an treocht seo beagán droim ar ais i gcás fostaithe páirtaimseartha agus is ar éigean atá bearna phá ar bith idir na hInscní sa réimse seo, -0.5%.

Tá an meánluach saothair in aghaidh na huaire níos lú i ngach catagóir do mhná i gcomparáid le fir.

Figiúr 19. Ceathairleanna



Tá níos mó ban i ngach ceathairíl i ngach catagóir, rud a léiríonn déimeagrafaic na heagraíochta (76% F, 24% M). Tá 69% de mhná sa cheathairíl uachtarach lánaimseartha agus tá 78% de mhná sa cheathairíl íochtarach.

Leanadh le ballraíocht IBTS i gClub 30% IMI mar aon le rannpháirtíocht i gclár meantóireachta IMI, rud a léiríonn ár dtiomantas d'uailmhianta éagsúlachta a ionchorprú laistigh dár straitéis ONEHR.

Athbhreithniú ar Struchtúr na hEagraíochta

Cuireadh tús leis an bPlean Oibre um Chur Chun Feidhme an Athbhreithnithe ar Struchtúr na hEagraíochta i mí an Mheithimh 2022 agus críochnaíodh é go rathúil mar a bhí beartaithe i mí an Mhárta 2024 le ceadú an Choiste Forbartha Feidhmíochta, fochoiste den Bhord.

Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna 2024 a chur i bhfeidhm



Cláir Oiliúna

Cuireadh modúil nua oiliúna a bhaineann le comhionannas agus cuimsiú ar fáil don fhoireann in 2024:

- Recognising and Responding to Domestic Abuse (i gcomhpháirtíocht le Cúnamh do Mhná)
- Menopause Awareness (i gcomhpháirtíocht le Menopause Hub)



Rannpháirtíocht ag an Obair

Reáchtáladh ceiliúradh ar fud na heagraíochta mar aitheantas ar imeachtaí suntasacha, lena n-áirítear Lá Idirnáisiúnta na mBan, Seachtain Cheiliúrtha na Néaréagsúlachta, agus Bród 2024, ag cothú timpeallacht oibre ionchuimsitheach agus thacúil do chách. Ina theannta sin, rinneadh modúil ar Shláinte na mBan agus ar Néaréagsúlacht a nuashonrú inár dTairseach Cúnaimh d'Fhostaithe chun acmhainní agus tacaíocht fheabhsaithe a sholáthar d'fholláine ár bhfostaithe.

Clár um Ionchuimsiú

Fuair IBTS ballraíocht choiste ar feadh téarma eile le Coiste Monatóireachta Míchumais na Roinne Sláinte, ag leanúint lenár dtiomantas d'abhcóideacht a dhéanamh ar son cearta agus cuimsiú míchumais. Bhaineamar amach ionadaíocht de 4.6% den fhoireann a luaigh go bhfuil míchumas orthu inár ndaonáireamh foirne a bhain leis an Údarás Náisiúnta Míchumais in 2024, ag sárú an sprioc íosta 3%.

Chomhoibríomar le Vision Ireland agus AHEAD maidir le teicneolaíocht thacúil chun daoine faoi mhíchumas a chumasú chun oibriú san IBTS agus leanfaimid orainn i mbun comhpháirtíochta leis an ngrúpa pobail, Festina Lente, chun socrúcháin oibre íoctha a sholáthar do dhaoine a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.

Cuirtear teicneolaíocht díchódaithe claontacht inscne agus rianaithe éagsúlachta agus cuimsithe i bhfeidhm ar fhógraíocht agus ar chumarsáid folúntas ár bpost atá á óstáil ar IrishJobs.ie agus LinkedIn.

Ag Múnlú Ár bhFórsa Saothair Todhchaí

Tá IBTS tiomanta fós d'fhoirmiú agus fás ceannairí a chothú i ngach réimse den eagraíocht agus tacaíonn sé le cultúr atá oscailte agus a spreagann gach duine chun gníomhú mar cheannaire. Leanadh le comhpháirtíocht leanúnach le hOllscoil Luimnigh (UL) in 2024. D'infheistíomar sa chlár iLEAD, agus ghlac trasghearradh den fhoireann páirt i gcéim a haon den chlár um fhoirmiú ceannaireachta. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gcéad leibhéal eile de chlár LEAD lena chinntiú go bhfuil forbairt cheannaireachta á soláthar ag IBTS a chomhlíonann riachtanais athraitheacha ár ndaoine agus ár seirbhíse. Cuirfear é seo i bhfeidhm in 2025.

Bainistíocht Tallann

Pleanáil Comharbais

Rinneadh infheistíocht leanúnach i bpleanáil chomharbais ar fud na heagraíochta in 2024. Bhí gach Stiúrthóireacht páirteach sa phróiseas pleanála comharbais chun ról rithábhachtacha a athbhreithniú agus a shainaithint agus chun rioscaí tallainne féideartha ar fud na seirbhíse a mheas. Trí bhealaí nua a chur i bhfeidhm chun sonraí a bhaineann le pleanáil chomharbais agus tallann a bhailiú, tá F&F (Foghlaim & Forbairt) in ann léargas níos doimhne a fháil ar na réimsí a bhfuil aird dhírithe ag teastáil orthu agus leanúint orthu ag obair le Stiúrthóirí ábhartha chun pleananna gníomhaíochta spriocdhírithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do na poist thábhachtacha sin. A bhuí leis an gcur chuige réamhghníomhach seo, bhí an eagraíocht in ann cinntí eolasacha a dhéanamh faoi fhorbairt tallann agus ullmhú do riachtanais amach anseo agus ag an am céanna cur isteach féideartha a íoslaghdú. Tá comhoibriú leanúnach idir F&F agus bainistíocht shinsearach fós rithábhachtach chun na pleananna seo a scagadh agus a fhorbairt chun freastal ar éilimh na seirbhíse atá ag athrú i gcónaí.

Foghlaim Leanúnach a Leabú

Cumasú Teicneolaíochta

Ba réimse fócais ríthábhachtach do F&F in 2024 na huirlisí agus an teicneolaíocht a sholáthar chun feabhas a chur ar thaithí na bhfostaithe agus foghlaim leanúnach a leabú. Bhí obair shuntasach i gceist le cur i bhfeidhm Bainistíochta ríomhfhoghlama Sláinte (HeLM) i gcomhpháirtíocht le FSS chun í a chumrú, a chomhtháthú agus a phleanáil, rud a ligfidh dá chur i bhfeidhm go luath in 2025.

Comhlíonadh

Díríodh go leor iarrachta ar ár rátaí comhlíonta éigeantacha a neartú ar fud na heagraíochta in 2024. Bhí ról ríthábhachtach ag bainisteoirí sa phróiseas seo trí ghníomhú mar thacadóirí an tionscnaimh, ag neartú na bpríomhtheachtaireachtaí i gcruinnithe foirne, i bpléití duine le duine, agus trí obair leantach a dhéanamh ar bhonn rialta. Chinntigh sé seo go raibh tuiscint ag fostaithe ní hamháin ar an “cad” agus an “cén fáth” a bhain le comhlíonadh, ach ar iarmhairtí an neamhchomhlíonta chomh maith, rud a chuidigh le cultúr cuntasachta a chothú. Chuidigh an comhoibriú le páirtithe leasmhara freisin le bearnaí féideartha i dtuiscint nó réimsí frithsheasmhachta a aithint, rud a chuir ar ár gcumas teachtaireachtaí agus acmhainní a chur in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna imní shonracha. Chinntigh an cur chuige comhoibríoch seo nach raibh an teachtaireacht ó bharr anuas amháin ach gur léirigh sí dearcthaí agus riachtanais na ndaoine a raibh baint dhíreach acu le hoibríochtaí laethúla freisin.

Mar thoradh air sin, tháinig feabhas ar rátaí comhlíontachta, agus bhí athrú suntasach ann i ndearcthaí i leith oiliúint éigeantach comhlíontachta, agus fostaithe ag éirí níos díograisí agus níos réamhghníomhaí i gcomhlíonadh na gceanglas seo. Mar thoradh air sin chomh maith, tháinig tuiscint níos láidre úinéireachta agus freagrachta chun cinn chun a chinntiú go gcloíonn IBTS leis na rialacháin agus na caighdeáin riachtanacha.

Go sonrach, feabhsaíodh eolas ar chibearshlándáil agus ar chosaint sonraí trí mhodúil oiliúna ar líne spriocdhírithe a fuair tacaíocht i gcomhpháirtíocht leis an roinn TF. Chuir na modúil seo ar chumas fostaithe an t-eolas a fháil chun bagairtí a aithint agus freagairt dóibh, rud a laghdaigh riosca teagmhais chibearshlándála agus sonraí.

Lean F&F ag tabhairt tosaíochta d'oiliúint sláinte agus sábháilteachta, ag cinntiú go bhfanann gach fostaí ar an eolas, ullamh agus i gcomhréir le ceanglais rialála. Léiríonn ár ráta comhlíonta láidir dár modúil sláinte agus sábháilteachta ar líne ar fud na heagraíochta tiomantas comhroinnte chun timpeallacht oibre shábháilte a chruthú do gach duine.

Trí oiliúint ar Chód Iompair IBTS a chur ar fáil do gach fostaí, neartaíomar ár dtiomantas do na caighdeáin ghairmiúla agus eiticiúla is airde a choinneáil laistigh den eagraíocht. Ní hamháin gur leag an oiliúint seo amach ionchais shoiléire maidir le hiompar ach bhí ról ríthábhachtach aici i múnú chultúr an ionaid oibre freisin. Chuidigh sé le fostaithe tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le timpeallacht mheasúil, chuimsitheach agus chuntasach a chothú ina gcaitear le gach duine le dínit agus le cothroime. Tríd an oiliúint, tugadh an t-eolas agus na scileanna praiticiúla a bhí riachtanach d'fhostaithe chun déileáil le saincheisteanna agus cásanna eiticiúla casta le hionracas, rud a chinntigh go bhféadfaidís cinntí eolasacha a dhéanamh a bhí ailínithe le luachanna na heagraíochta.

Chuaigh tionchar an tionscnaimh seo níos faide ná comhlíonadh. D'fheidhmigh sé mar uirlis réamhghníomhach freisin chun mí-iompar a chosc, cumarsáid oscailte a chur chun cinn, agus a chinntiú go mbraithfeadh gach fostaí go raibh siad cumasaithe chun labhairt amach nuair a bhí gá leis. Trí thuiscint chomhroinnte a chruthú ar a bhfuiltear ag súil leis i dtéarmaí iompair eiticiúil, dhaingníomar an dúshraith do chultúr dearfach agus tacúil san ionad oibre.



Forbairt Feidhmíochta

Bhí Forbairt Feidhmíochta fós ina thosaíocht in 2024 agus spreag an gá le feabhsú leanúnach an bhéim ar spriocanna soiléire, inghníomhaithe laistigh den phróiseas Forbartha Feidhmíochta. D'oibrigh F&F go dlúth le bainisteoirí lena chinntiú go raibh tuiscint ag fostaithe ar conas spriocanna SICRU (Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch, Uainithe) a shocrú a bhí ailínithe le fás aonair agus cuspoirí eagraíochtúla araon.

Ina theannta sin, rinneadh iarracht chomhbheartaithe lúba aiseolais a chomhtháthú i rith na bliana, rud a chinntíonn nach athbhreithnithe bliantúla amháin a bhí i gcomhráite feidhmíochta, ach plé leanúnach a bhí bríoch agus táirgiúil. Chuidigh sé seo le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chruthú, áit a bhféadfadh fostaithe a ndul chun cinn a rianú, a spriocanna a choigeartú de réir mar is gá, agus mothú go raibh tacaíocht a mbainisteoirí acu.

A bhuí leis an rannpháirtíocht dhíreach idir F&F agus foirne, bhí cur chuige níos pearsantaithe ann, rud a chinntigh gur tugadh aghaidh ar riachtanais uathúla ranna éagsúla agus comhsheasmhacht á cothabháil ar fud na heagraíochta. Chruthaigh spreagthaí seachtracha agus comhthéacs oibríochtúil ár seirbhíse, go háirithe ganntanas soláthair fola agus drochaimsir, dúshlán maidir le hardleibhéil rannpháirtíochta a choinneáil ar fud na heagraíochta.

Ag Saibhriú Ár gCultúir

Seirbhísí NA BARAINNE

In 2024 ceapadh soláthraithe seirbhísí barraine chun prionsabail na Barainne a bhunú, a chur i bhfeidhm agus a leabú go rathúil mar chleachtas féinchothaitheach san eagraíocht trí chlár oibre trí bliana. Is gnóthas suntasach é seo don IBTS atá ag díriú ar fheabhsuithe atá bunaithe ar shonraí, atá ailínithe go straitéiseach agus atá ailínithe go cultúrtha a thógann cumas inmheánach agus inbhuanaitheacht.

Sábháilteacht agus Folláine a chur i dTús Báire

Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta

Ag tacú le Ráiteas Straitéise IBTS um Dhaoine agus Cultúir 2021 go 2025 maidir le monatóireacht a dhéanamh ar 'ár bhfeidhmíocht sláinte agus sábháilteachta chun treoir a thabhairt do chinnteoireacht' agus ag cur le 'caighdeáin inmheánacha comhlíontachta, inniúlachta agus rannpháirtíochta', chríochnaigh IBTS próiseas soláthair phoiblí chun réiteach Sláinte agus Sábháilteachta Leictreonach scamallbhunaithe ar fud na fiontraíochta a sheachadadh. Cuireadh an réiteach seo i bhfeidhm go rathúil agus seoladh é in 2024, agus tugadh tacaíocht dá chur i bhfeidhm trí oiliúint duine-le-duine, ranna agus grúpa ar fud na seirbhíse. Léiríonn sé seo ár dtiomantas chun feabhas a chur ar thaithí na bhfostaithe agus teicneolaíochtaí tacúla a sholáthar dár bhfoireann.

Tacaíonn an teicneolaíocht leis an eagraíocht agus leis na ranna sna príomhréimsí seo a leanas.

Iniúchadh agus scrúdú

Sceidealóir scrúdaithe agus iniúchta le bainistíocht sreabha oibre le haghaidh gníomhaíochtaí/tascanna

Teagmhas

Bainistíocht teagmhas ó thús deireadh do gach teagmhas, lena n-áirítear timpistí, neastimpistí agus teagmhais chontúirteacha

**Beartas,
Foirmeacha
agus
Seicliostaí**

Sonraí

Sonraí, anailísíocht agus tuairisciú Sláinte agus Sábháilteachta i bhfíor-am, lena n-áirítear painéil rialaithe

Riosca

Éascaíocht ar mheasúnú riosca sláinte agus sábháilteachta le bainistíocht sreabha oibre le haghaidh gníomhaíochtaí/tascanna

Sláinte agus Folláine

Chomhoibrigh IBTS le Fondúireacht Croí na hÉireann agus a gclár Slí@work. *“Tá sé mar aidhm ag Slí@Work daoine a spreagadh chun siúlóidí a chuimsiú ina lá oibre”,* mar shampla, achair ghearra a shiúil le haghaidh iompair agus le linn amanna sosa agus áirítear leis comharthaíocht spreagúil agus bealaí siúil atá deartha go speisialta. I rith 2025, leanfaidh IBTS ag obair le Comhordaitheoir ó Fhondúireacht Croí na hÉireann chun tuilleadh bealaí siúil chiorclacha a bhunú i gcomharsanacht ionaid IBTS.

In onóir Lá Náisiúnta Folláine san Ionad Oibre Dé hAoine, 26 Aibreán, chuireamar sceideal Seachtain Folláine eagraíochta le chéile, ag tairiscint réimse acmhainní don fhoireann a dhíríonn ar fholláine airgeadais, fhisiciúil agus mheabhrach. Cuireadh faisnéis agus acmhainní breise chun cinn agus roinneadh iad leis an bhfoireann i rith na bliana trí bhileoga fógraíochta foirne.



Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide

Príomhghnóthachtálacha 2024

- Ba é príomhthosaíocht Fheidhm TF IBTS in 2024 ná oibríochtaí slána, cobhsaí a choinneáil. Sannadh fócas agus acmhainní suntasacha do réimse tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo ár n-athléimneacht a fheabhsú agus cobhsaíocht oibríochtúil a choinneáil.
- Tugadh tús áite do na hullmhúcháin don Treoir NIS-2 atá le teacht ar fud an AE i rith cuid mhaith den bhliain, agus cuireadh nuashonruithe ar bheartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm, chomh maith le feabhsuithe teicniúla.
- Le linn 2024, chríochnaíomar athnuachan deisce ar fud na heagraíochta agus cuireadh thart ar 460 gléas nua isteach in áit seanchinn ar fud na heagraíochta. Áiríodh leis an tionscadal freisin athbhailíochtú a dhéanamh ar ár n-iarratas CMP go léir, agus rinneadh uasghrádú ar roinnt feidhmchlár gnó le linn an tionscadail.
- Bhí baint mhór ag an bhFeidhm TF le tabhairt isteach Plasma na hÉireann an athuair freisin, lena n-áirítear tacú le hathruithe bonneagair a bhí riachtanach laistigh de Chomhábhair, athruithe cumraíochta a dhéanamh ar ár gCórais Ghnó lárnacha agus comhaid agus tuarascálacha leictreonacha a fhorbairt le malartú lenár gcodánóir plasma, agus comhlíonadh a chinntiú.
- Cuireadh tús le hobair ag deireadh 2024 ar thionscadal chun ár gcóras ordaithe ar líne san ospidéal a athsholáthar le leagan níos nua-aimseartha, atá comhtháite níos fearr i gcórais eile na mBunaíochtaí Fola. Leanadh leis an obair ar thionscadail chun úsáid ár dtairseach áirithinte ar líne do dheontóirí a leathnú, agus chun feabhas a chur ar theicneolaíochtaí a úsáidtear i gclínici ar fud na tíre.

Inbhuanaitheacht

Straitéis Inbhuanaitheachta & Treochlár IBTS um Ghníomhú ar son na hAeráide

Mar Eagraíocht Seirbhíse Poiblí, tá sé de dhualgas ar Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann laghdú astaíochtaí fuinnimh agus carbóin a bhaint amach, mar aon le roinnt spriocanna cainníochtúla agus cáilíochtúla eile, faoi 2030.

Mar lárionad nuálaíochta, oideachais agus forbartha i réimse an chúraim sláinte, tuigean IBTS an chúis go bhfuil sé riachtanach é sin a dhéanamh. Tá IBTS tiomanta do luasghéarú a dhéanamh ar a turas inbhuanaitheachta le críochnú agus le ceadú an Bhoird a fháil dá Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide agus a Straitéis Inbhuanaitheachta.

Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú bliantúil ar an Treochlár Gníomhaíochta Aeráide, chun bearnaí a réiteach agus chun treoir nua ar bith ón Rialtas a chur i bhfeidhm. Tá tionscadail mhóra éifeachtúlachta fuinnimh atá beartaithe a thabhairt isteach san IBTS sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus déanfar na sonraí ar na tionscadail seo a nuashonrú le gach athrá chun a chinntiú go léiríonn sé an dul chun cinn go cruinn.

Leagtar amach sa Straitéis Inbhuanaitheachta cuspóirí don eagraíocht idir 2025-2030 a oibreoidh i gcomhar leis na spriocanna sainordaithe don IBTS agus atá sa bhreis orthu. I measc na réimsí fócais don straitéis, ach gan a bheith teoranta dóibh, tá comaitéireacht, táirgeadh dramhaíola, bithéagsúlacht, oideachas, agus gnéithe sóisialta.

Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa a Bhaineann le Fuinneamh IBTS

Tá rath bainte amach ag IBTS maidir le hastaíochtaí ó fhoirgnimh agus ó fheithiclí a laghdú. Tá sé de dhualgas ar IBTS astaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise a laghdú faoi 51% agus astaíochtaí iomlána a laghdú faoi 51% freisin faoi 2030.

Mar gheall ar thimthriall an phróisis fóraithe ag meicníocht Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (ÚFIÉ), tá na sonraí don IBTS do 2024 curtha isteach ach ní bheidh siad go léir fóraithe roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2024. Tá na sonraí le haghaidh díosail bóthair agus ola gháis tuairiscithe agus ríofa go díreach ag an gcóras M&T. Cuireann ÚFIÉ sonraí leictreachais agus gáis nádúrtha ar fáil trí mhéadair. In 2024, bhí laghduithe suntasacha ar úsáid leictreachais agus díosail bóthair, agus méadú ar úsáid gáis nádúrtha mar gheall ar na teochtaí níos fuaire in 2024 i gcomparáid le blianta roimhe sin. Tharla an méadú ar ola gháis in 2024 mar gheall gur cuireadh leis an gcóras é seo go siarghabhálach.

Rinne IBTS iniúchadh fuinnimh chun tuiscint níos fearr a fháil ar na tionchair agus na príomhdheiseanna feabhsúcháin, rud a sholáthair na sonraí do na tionscadail atá san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide.

Leagtar amach sna tionscadail atá cuimsithe laistigh den Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide pleananna chun astaíochtaí a tháirgtear ónár ngníomhaíochtaí a laghdú tuilleadh agus seirbhísí rithábhachtacha a soláthar fós. Beidh infheistíocht shuntasach ag teastáil chun a chinntiú go ndéantar scóipeáil iomlán ar na tionscadail, go gcomhlíonann siad na critéir riachtanacha go léir maidir le trealamh gléasra agus go ráthaíonn siad go bhfuil an IBTS ag soláthar trí leas a bhaint as Critéir maidir le Soláthar Poiblí Glas.



Grúpa Astaíochtaí	CO ₂ Astaíochtaí	Bunlíne Ghg (2016-18) (Tonna CO ₂)	2024 (Tonna CO ₂) ¹⁰	Iomlán na nAstaíochtaí Gaolmhara (Tonna CO ₂)
Breosla iontaise	Ola gháis ¹¹	4	7	583
	Gás Nádúrtha	938	735	
	Díosal Bóthair	247	191	
Leictreachas	Glanalmhairí Leictreachais	2,015	1,008	431
Iomlán	Iomlán	3,204	1,941	1,013


Astaíochtaí CO₂e a ghintear laistigh d'fhoirgnimh agus feithiclí IBTS.¹²

I measc na dtionscadal atá beartaithe don IBTS tá uasghráduithe ar shoilsiú LED, feabhsuithe ar théamh agus ar fhuarú, athfheistiú/athsholáthar éifeachtúlachta trealaimh gléasra, agus aistrithe breosla. Cinnteoidh soláthar an phíblíne tionscadail seo tríd an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide go bhfanfaidh IBTS ar an sprioc chun ár spriocanna astaíochtaí 2030 a bhaint amach mar eagraíocht seirbhíse poiblí. Tá formhór na dtionscadal dírithe go sonrach ar an Lárionad Náisiúnta Fola, toisc go bhfuil 81% den úsáid fuinnimh laistigh den eagraíocht á úsáid ag an bhfoirgneamh seo.

Baineann astaíochtaí laistigh d'eastát IBTS le téamh (gás nádúrtha agus leictreachas) agus soláthar cumhachta (leictreachas) dár bhfoirgnimh, mar aon leis an mbreosla a úsáidtear laistigh de fhlít IBTS (díosal bóthair). Úsáidtear ola gháis laistigh d'eastát IBTS mar sholáthar cumhachta teagmhais inár ngineadóirí ag an Lárionad Náisiúnta Fola agus in Ionad Chorcaí.

Maidir le húsáid fuinnimh laistigh den eagraíocht, tá sé de dhualgas ar IBTS ár bhfeidhmíocht fuinnimh a mhéadú 50% ón mbonnlíne (2006-2008) faoi 2030. Táthar ag

Fíor 20. Úsáid Fuinnimh i bhFoirgnimh & i bhFlít IBTS in 2024 (kWh)



Fíor 20 - Miondealú ar an bhfuinneamh iomlán a úsáideadh (Leictreachas, Gás Nádúrtha, Ola Gháis, Díosal don Fhlít i kWh) i bhfoirgnimh agus i bhflít IBTS.

10. Ní dhéanfar na sonraí seo a fhiorú go hoifigiúil do 2024 go dtí an 29 Lúnasa 2025. Tá eachtarshuíomh sna sonraí seo.
11. Níor tuairiscíodh Ola Gháis roimhe seo laistigh den IBTS. In 2024, rinneadh meastacháin bunaithe ar úsáid siarghabhálach, de réir na Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin atá i bhfeidhm maidir lena n-úsáid. Tá sonraí 2024 bunaithe ar na meastacháin seo leis an úsáid iarbhair le haghaidh 2 nós imeachta neamhéigeandála a tharla in 2024.
12. Tá na luachanna uile sa tábla slánaithe go dtí an tonna CO₂e is gaire.

Foinse Fuinneamh IBTS	Gás Nádúrtha 2024 (kWh)	Leictreachas 2024 (kWh)	Díosal Bóthair 2024 (kWh)	Gás Ola 2024 (kWh)	Iomlán 2024 (kWh)
Láirionad Náisiúnta Fola	3,849,440	3,087,821	-	22,473	6,959,733
Flít Breosla	-	-	787,961	-	787,961
Corcagh	255,560	329,817	-	3,060	588,437
Stigh Lorgan	28,543	22,135	-	-	50,678
Sráid D'Olier	-	42,841	-	-	42,841
Baile Átha Fhirdhia	27,394	14,193	-	-	41,587
Luimneach	18,226	16,891	-	-	35,117
Tuaim	-	36,867	-	-	36,867
Ceatharlach	14,891	11,166	-	-	26,057
Fuinneamh Iomlán (kWh)	4,131,443	3,561,730	787,961	25,533	8,506,667
Iomlán na nAstaíochtaí Gaolmhara (tonna CO ₂ e)	735	1,008	191	7	1,941

Miondealú ar úsáid fuinnimh laistigh d'fhoirgnimh agus flít IBTS in 2024.^{13, 14}

súil go mbainfear é seo amach faoi láthair mar gheall ar uasghráduithe ar éifeachtúlacht fuinnimh agus bainistíocht fuinnimh réamhghníomhach laistigh den eagraíocht le linn na tréimhse sin.

An Sainordú a chur i bhfeidhm

Tá IBTS tiomanta don Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide a achtú laistigh dá ghníomhaíochtaí agus tá dul chun cinn maith déanta idir 2023 agus 2024 chun feabhas a chur ar a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.

Leagtaramach sa tábla thíos an feabhas ó chur i bhfeidhm 52% in 2023 go cur i bhfeidhm 75% in 2024. Tá pleananna i bhfeidhm chun an bhearna sa chur i bhfeidhm a réiteach

agus chun a bheith réamhghníomhach agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhreise laistigh den nuashonrú bliantúil ar an Sainordú.

Tá IBTS tiomanta do chóras láidir a chruthú chun tionchair fuinnimh agus comhshaoil a bhainistiú agus cleachtas feabhsúcháin leanúnaigh a chinntiú don IBTS.

Leibhéal Cur Chun Feidhme	2023	2024
Curtha chun feidhme	9	20
Curtha chun feidhme/críochnaithe go páirteach	7	8
Gan cur chun feidhme	8	4
Níl Infheidhme	6	9
Ráta Cur Chun Feidhme (%) ^{15, 16}	52%	75%

Leibhéal chur chun feidhme an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide laistigh den IBTS idir 2023 agus 2024

13. Mar a sonraíodh roimhe seo, tá eachtarshuíomh (Leictreachas & Gás Nádúrtha) sna sonraí arna leagan amach sa tábla seo. Níl na sonraí fíoraithe ag ÚFIÉ.
14. Luachanna slánaithe go dtí an kWh/Tonna CO₂is gaire.
15. Ríomhtar é trí scóráil 100% a shannadh do Chur i bhFeidhm go hIomlán, 50% do Chur i bhFeidhm go Páirteach, agus 0% do Gan Chur i bhFeidhm, agus meán den scór foriomlán a thógáil. Ní chuirtear san áireamh aisíocaíochtaí nach mbaineann.
16. Slánaithe go dtí an % iomlán is gaire.



Imlitir 01/2020

Mar eagraíocht seirbhíse poiblí, tá sainordú ag IBTS aghaidh a thabhairt ar na hastaíochtaí a eascraíonn as taisteal oifigiúil aeir agus tá sí ag cloí le Chiorclán 01/2020 ó tugadh isteach é.

I gcomhréir leis an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide is déanaí (2024), tá íocaíocht déanta ag IBTS mar is gá leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Rinneadh an íocaíocht chun 32.52 tonna CO₂ a chlúdach, rud a ghin breis is 407,783 km d'eitiltí le haghaidh gnó oifigiúil in 2024.

Tá an IBTS tiomanta do thaisteal aeir a theorannú do chuspóirí riachtanacha amháin, agus déantar athbhreithniú ar gach taisteal oifigiúil aeir ag an leibhéal is airde le haghaidh riachtanas sula gceadaítear é.

Cineál Eitilte	Aicme Cábáin	2023	2024
Aontreo	Geilleagar	170	106
Fillte	Geilleagar	41	58
Líon na gCodanna san Eiltí ^{17, 18}	Geilleagar	252	222

Eitiltí arna ndéanamh ag IBTS le haghaidh gnó oifigiúil, ag tabhairt aghaidh ar chomhlíonadh Chiorclán 01/2020

Gníomhaíochtaí & Tionscnaimh Inbhuanaitheachta

Ghlac IBTS páirt i roinnt tionscnamh agus gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta in 2024.

- In 2024, sheol IBTS an Grúpa Stiúrtha Inbhuanaitheachta go hoifigiúil a chuidigh le forbairt na Straitéise Inbhuanaitheachta agus a thiomáinfidh tionscnaimh inbhuanaithe eile ó 2025 ar aghaidh.


17. Eitiltí a mheastar a bheith ina n-eitiltí fillte má bhí eitilt dhíreach fillte i gceist leo i.e. Baile Átha Cliath go Manchain agus Manchain go Baile Átha Cliath gan aon idirstad.

18. Ríomhtar iomlán na gcodanna eitilte de réir mar a bhíonn gach eitilt aontreo cothrom le 1 chos, agus gach eitilt fillte cothrom le 2 chos.

- Bhain IBTS Marc Cré-umha Taistil Níos Cliste amach don Lárionad Náisiúnta Fola in 2024, agus leathnófar é seo chuig an eagraíocht ar fad in 2025.
- Chuir IBTS Nuashonrú Míosúil Inbhuanaitheachta leis an nuachtlitir chumarsáide inmheánaí, chun eolas a thabhairt don fhoireann faoi shonraí IBTS agus treoir agus eolas cabhrach a thabhairt don bhaile.
- Cuireadh modúl don Aeráid & don Inbhuanaitheacht le Clár Treoshuimh Chorparáidigh IBTS, ag soláthar treorach do chomhaltaí nua maidir le spriocanna agus conas is féidir leo a ról a ghlacadh.
- Reáchtáladh Ceardlann Feasachta Dramhaíola dírithe ar ghníomhaíocht aeráide le soláthraí seirbhísí dramhaíola, chun deis a thabhairt don fhoireann ceisteanna a chur faoina dtionchair agus treoir a fháil.
- Chuir IBTS tús le measúnú mionsonraithe ar an Straitéis um Bainistíocht Dramhaíola, agus forbraíodh clár dramhaíola láidir chun rianú a dhéanamh ar dheighilt dramhaíola laistigh den eagraíocht agus chun aird a tharraingt ar réimsí feabhsúcháin. Tá spriocanna uailmhianacha comhaontaithe chun athchúrsáil croí-shruthanna a mhéadú go 55% faoi dheireadh 2025, agus go 60% faoi 2030.
- Tá feabhas tagtha ar an ráta athchúrsála ó 51% ó Eanáir go Lúnasa, go 58% ó Mheán Fómhair go Nollaig i ndiaidh a chur i bhfeidhm.
- I gClinic Aifreise an Lárionaid Náisiúnta Fola, tá tús curtha ag IBTS le hearraí taiscí a thabhairt ar ais a bhronnadh ar an Scéim Éarlaise agus Aisíoca do Leanaí, ag bronnadh cannaí/buidéil ón scéim éarlaise agus aisíoca ar 6 cinn de na carthanachtaí leanaí is mó in Éirinn.
- In 2024, chláraigh IBTS mar Thacadóir Gnó de chuid Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus déanfaidh siad iarracht feabhas a chur ar ár ndul chun cinn agus é a rianú bliain i ndiaidh bliana.



Deimhniú My Green Lab



Aithníonn an feachtas na Náisiún Aontaithe, Race to Zero, Deimhniú My Green Lab (MGL) mar thomhas ríthábhachtach ar dhul chun cinn i dtreo todhchaí atá neodrach ó thaobh carbóin de, agus meastar gurb é an caighdeán óir do na cleachtais is fearr inbhuanaitheachta saotharlainne ar fud an domhain.

Ós rud é go seasann IBTS don tsármhaitheas inár réimse, tá sé ríthábhachtach dúinn a bheith inár n-eiseamláir i dtéarmaí tiomantais don eolaíocht inbhuanaithe, agus seirbhísí ríthábhachtacha á soláthar againn ag an am céanna. Is é aidhm an chomhoibrithe le MGL foireann saotharlainne IBTS a oiliúint agus a spreagadh maidir le dea-chleachtas inbhuanaitheachta saotharlainne d'fhonn cur go gníomhach leis an obair chun tionchar comhshaoil a n-oibríochtaí saotharlainne a íoslaghdú agus, ar an gcaoi sin, cabhrú le IBTS spriocanna a Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2030 a bhaint amach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí carbóin a laghdú.

Idir Bealtaine 2023 agus Meán Fómhair 2024, leathnaíodh deimhniú MGL chuig saotharlanna eile san IBTS. D'fhorbair an Rannóg Fíocháin, an tSaotharlann Tacaíochta Eolaíochta agus Forbartha Comhábhar, an tSaotharlann Imdhíon-haemaiteolaíochta Ceall Dearg, an LNF agus Saotharlann Rialaithe Cáilíochta Ionad Chorcaí, an Rannóg Bitheolaíochta Móilíní agus Géineolaíochta pleananna gníomhaíochta chun spriocanna inbhuanaitheachta MGL a bhaint amach. I mí na Nollag 2024, bronnadh Deimhniú MGL ar shaotharlanna Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann. Bhain ceann de na saotharlanna Deimhniú Glas amach, an leibhéal creidiúnaithe is airde a chuireann an clár ar fáil.

Táimid tiomanta d'fheabhsú leanúnach laistigh den eagraíocht agus comhoibrimid ar na cleachtais is fearr chun a chinntiú go bhfuil na saotharlanna uile sa suíomh is fearr chun na leibhéil chreidiúnaithe is airde is féidir a bhaint amach.

Cabhróidh go leor de na forbairtí in 2024/25 maidir le bainistíocht dramhaíola, éifeachtúlacht fuinnimh, agus infhaighteacht sonraí leis na foirne saotharlainne chun deimhniú My Green Labs a chur chun cinn in 2025 agus ina dhiaidh sin.



giveblood.ie giveblood.ie

Happy Christmas
Thank you for
all your support!

NOLLAIG SHONA
giveblood.ie

Cúrsaí Airgeadais

Achoimre ar na Cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	2024	2023
	€'000	€'000
Ioncam		
Ioncam athfhillteach	84,590	81,835
Ioncam neamh-athfhillteach	3,223	2,467
Iomlán an Ioncaim	87,813	84,302
Caiteachas		
Caiteachas iomlán	85,151	80,966
Barrachas Carnach / (Easnamh) don Bhliain	2,662	3,336
Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach ar scéimeanna pinsin	6,330	(2,071)
Aistriú go Cúlchistí Caipitil	(111)	(90)
Aistriú chuig Cúlchiste Taighde	(80)	(192)
Barrachas Carnach / (Easnamh) amhail an 1 Eanáir	(4,078)	(5,061)
Barrachas Carnach / (Easnamh) amhail an 31 Nollaig	4,723	(4,078)

Ioncam

Déantar anailís ar ioncam iomlán an Bhoird do 2024 de €87.8 milliún (2023 €84.3 milliún) de réir ioncam athfhillteach agus neamh-athfhillteach. Is éard atá in ioncam athfhillteach ná ioncam a ghintear ó dhíolacháin táirgí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil d'ospidéal ar fiú €84.6 milliún é (€81.8 milliún in 2023). Áirítear leis an ioncam neamh-athfhillteach de €3.2 milliún (€2.5 milliún in 2023) deontas ón Roinn Sláinte i leith tástála HEV agus maoiniú iarchurtha don scéim pinsin seirbhíse poiblí aonair. Tháinig méadú ar ioncam athfhillteach mar gheall ar mhéadú ar shaincheisteanna cealla dearga agus pláitíní i rith na bliana agus méadú ar líon na dtástálacha i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Áirítear leis an ioncam freisin an t-ioncam ón gcéad loingsiú plasma Éireannach le haghaidh codánúcháin i mbreis agus 20 bliain agus déanfar plasma Éireannach a thabhairt isteach an athuair le haghaidh úsáide teiripí in 2025 freisin.

Caiteachas

B'ionann an caiteachas do 2024 agus €85 milliún (€81 milliún in 2023). Bhí laghdú ar an muirear pinsin faoi FRS102 in 2024 ach bhí costais phá níos airde mar thoradh ar na dámhachtainí pá faoin gcomhaontú náisiúnta pá seirbhíse poiblí. Bhí caiteachas níos airde ann freisin i dtéarmaí deisiúcháin agus athnuachana agus leis an méadú ar thaobh an ioncaim, tagann costais níos airde i dtéarmaí táirgí a ceannaíodh isteach.

Áirithintí

Tá cúlchiste caipitil ag an mBord chun saoráidí nua a fhorbairt i gCorcaigh. B'ionann an t-iarmhéid sa chiste don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024 agus €10.79 milliún (€10.68 milliún in 2023).

Ar an 31 Nollaig 2023, b'ionann iarmhéid na gcistí taighde agus €3.4 milliún (€3.3 milliún in 2023).



Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €2.5 milliún i dtionscadail chaipitil agus i dtrealamh le linn 2024 (€2.1 milliún 2023).

Áiríodh ar na príomhinfheistíochtaí caipitil i rith na bliana meaisín ionradaíochta X-ghathaithe, uasghráduithe ar ár gcuisneoirí agus reoiteoirí saotharlainne agus píosaí éagsúla trealamh dár saotharlanna Taighde agus Fíochán.

Reachtaíocht um Íocaíocht Phras

Cloíonn an Bord le ceanglais na Reachtaíochta um Íocaíocht Phras ach amháin i gcás go luaitear a mhalairt thíos. Is é an creidmheas caighdeánach a ghlacann an Bord, ach amháin má luaitear a mhalairt i socruithe conartha ar leith, 30 lá tar éis an tsonraisc a fháil, nó tar éis deimhniú a fháil go bhfuarthas na hearraí nó na seirbhísí ar gá íoc astu. Is é beartas an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras.

Le linn na bliana darchríoich an 31 Nollaig 2024, faoi théarmaí na reachtaíochta is infheidhme, bhí sonraisc ar luach €179,523 déanach, ar feadh 8.94 lá ar an meán. B'ionann na sonraisc seo agus 0.76% de réir líon agus 0.38% de réir luacha de na híocaíochtaí uile a rinneadh le soláthraithe as earraí agus seirbhísí i rith na bliana. B'ionann an t-ús agus na fíneálacha iomlána a íocadh i leith na n-íocaíochtaí déanacha go léir agus €4,179.43.

Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin d'fhonn cabhrú le híoslaghdu a dhéanamh ar an am a thógann sé fiosrúcháin agus réiteach sonraisc agus an próiseas formheasa agus íocaíochta.

Sonraí Teagmhála

Iniúcháirí

Comptroller and Auditor General
Foirgneamh an Státhiste
Clós Íochtarach an Chaisleáin
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

Dlíodóirí

Philip Lee
Teach Chonnacht
1 Bóthar Burlington
Baile Átha Cliath 4
D04 C5Y6

Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

Seirbhís Fuilastriúcháin na hÉireann

An tIonad Náisiúnta Fola

Sráid San Séamus, Baile Átha Cliath 8
D08 NH5R
t: 01/4322800
r: contactus@ibts.ie

www.giveblood.ie
Líne eolais do dheontóirí 1800731137
www.facebook.com/giveblood
www.x.com/giveblood_ie

Ionad Chorcaí

Ospidéal Naomh Fionbarra
Bóthar Dhúghlais
Corcaigh
t: 021/4807400
T12 Y319

Clinic Deontóirí Fola Bhaile Átha Cliath

2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01/4745000
D02 TK51

Clinic Deonaithe Fola Stigh Lorgáin

6 Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath,
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808
A94 NX47

Ionad Bhaile Átha Fhirdhia

Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co. Lú
t: 041/6859994
A92 HCP4

Ionad Cheatharlach

Eastát Tionsclaíochta Bhaile Mhic Thiarnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059/9132125
R93 AC82

Ionad Thuama

Aonad 2
Páirc Ghnó na Feá
Bóthar na Cora
Tuaim
Gaillimh
t: 093 70832
H54P229

Ionad Luimnigh

Teach Carrig
Ascaill Chloch an Chéitinnigh
Páirc Ghnó an Ráithín
Luimneach t: 061 306980
V94 AH97



**Irish Blood
Transfusion Service**

Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann